An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ardteistiméireacht

# SIOLLABAS OIDEACHAIS REILIGIÚIN

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais cur le forbairt gach gné an duine, na gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, breithiúnacha, cultúrtha, tochtacha, bríomhara agus intleachtúla, na gnéithe a bhaineann le saol pearsanta, saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus saol i measc an phobail, agus na gnéithe a bhaineann le scíth a bheith curtha san áireamh.

2. Cuirtear na cláir Ardteistiméireachta ar fáil leisan gcuspóir ginearálta seo, agus le béim ar leith ar ullmhú na ndaltaí don oideachas nó don oiliúint tríú leibhéal, don fhostaíocht agus dá ról mar shaoránaigh fhiontracha, a ghlacann páirt i gcúrsaí na sochaí.

3. Tá sé de chuspóir ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chláir an Teastais Shóisearaigh a sholáthar. Is féidir go dtiocfadh athruithe ar an gcoibhneas a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla taobh istigh de na cláir, .i. forbairt phearsanta agus shóisialta (agus gnéithe morálta agus spioradálta san áireamh), staidéir ghairmiúla agus ullmhú i gcomhair oideachais bhreise agus i gcomhair shaol an duine fhásta agus shaol na hoibre.

4. Tá na cláir atá dírithe ar an Ardteistiméireacht dhá bhliain ar fad agus tá trí rogha sa soláthar:

   i. An Ardteistiméireacht (Bhunaithe)

   ii. Gairmchlár na hArdteistiméireachta

   iii. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

5. Maidir le gach clár Ardteistiméireachta, agus cabhair á tabhairt aige d'oideachas ardchaighdeáin, cuireann sé béim

   - ar fhoghlaim fhéin-dírithe agus smaoineamh neamhspleách
   - ar spiorad an fhiosraithe, smaoineamh breithiúnach, réiteach fadhbanna, féinmhuinín, tionscnamh agus fiontar
   - ar ullmhú don oideachas breise, do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre
   - ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

## An Ardteistiméireacht (Bhunaithe)

Cuireann clár na hArdteistiméireachta (Bunaithe) oideachas atá leathan agus cothrom ar fáil do dhaltaí, agus ag an am céanna ceadaítear dóibh oiread éigin de shainstaidéar a dhéanamh. Cuirtear siollabais ar fáil i raon leathan d'ábhair. Soláthraítear gach ábhar ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Chomh maith leis sin, soláthraítear Matamaitic agus Gaeilge ag Bonnleibhéal. Baintear feidhm as an teastas i gcomhair roghnaithe don oideachas breise, don fhostaíocht, don oiliúint agus don ardoideachais.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GA)

Is é atá i nGairmchlár na hArdteistiméarachta (GA) ná idirghabháil san Ardteistiméireacht (Bhunaithe). Déanann daltaí ar an GA staidéar ar chúig ábhar ar a laghad (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), ar Ghaeilge agus ar dhá ábhar ó chnuasaigh shainithe d'ábhair ghairmiúla. Ní mór dóibh freisin cúrsa aitheanta a dhéanamh I nuatheanga Eorpach, nach Gaeilge nó Béarla í. Chomh maith leis sin, tógann siad trí nasc-mhodúl ar Oideachas Fiontair, ar Ullmhú don Obair agus ar Chleachtadh Oibre. Go háirithe tá sé mar chuspóir ag an GA spiorad an

fhiontair agus an tionscnaimh a chothú i measc na ndaltaí, agus a scileanna idirphearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta neamhspleách ann féin an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Dearadh é i gcomhair na ndaltaí sin nach mian leo dul go díreach isteach san oideachas tríú leibhéal nó nach bhfreastalaíonn an dá chlár eile Ardteistiméireachta ar a gcuid riachtanas, ar a mianta nó ar a gcumas. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tógtha ar thrí phríomhghné – Ullmhú Gairmiúil, Oideachas Gairmiúil agus Oideachas Ginearálta – a bhfuil comhghaoil agus comhspleáchas eatarthu. Is iad buntréithe an chláir seo ná cleachtaí oideachasúla atá gníomhach, praiticiúil agus dalta-lárnach.

ARDTEISTIMÉIREACHT

# SIOLLABAS OIDEACHAIS REILIGIÚIN

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

# CLÁR

**Réasúnaíocht** ........ 3

**Aidhmeanna** ........ 5

**Struchtúr an tsiollabais** ........ 7

**Roinn A: Ag cuardach brí agus luachanna** ........ 11

**Roinn B: An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha** ....... 21

**Roinn C: Reiligiúin an domhain** ........ 33

**Roinn D: Cinneadh morálta a dhéanamh** ........ 41

**Roinn E: An reiligiún agus cúrsaí inscne** ........ 51

**Roinn F: Saincheisteanna córa agus síochána** ........ 59

**Roinn G: Adhradh, urnaí agus deasghnátha** ........ 67

**Roinn H: An Bíobla: litríocht agus téacs naofa** ........ 75

**Roinn I: Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann** ........ 85

**Roinn J: An reiligiún agus an eolaíocht** ........ 95

# AN tOIDEACHAS REILIGIÚIN SA CHURACLAM: RÉASÚNAÍOCHT OIDEACHASÚIL

Is é is forbairt dhaonna ann ná duine ag cur aithne air féin mar dhuine uathúil ar leith, mar dhuine a bhfuil acmhainn machnaimh, samhlaíocht agus cruthaitheacht ann; duine atá oscailte do smaointe faoin bhfírinne, faoin maitheas agus faoin áilleacht. Ó thús ama is minic gur i léirmhíniú reiligiúnach ar an mbeatha a sloinneadh eispéireas na spioradáltachta agus síorchuardach an duine ar bhrí. Tá rian nach féidir a ghlanadh fágtha ar stair an chine daonna ag na traidisiúin reiligiúnacha. Cuid de stair shaibhir ár n oidhreachta cultúrtha in Éirinn í an Chríostaíocht, agus páirt nach beag aici i múnlú na físe atá againn dínn féin, dár saol, agus dár ngaolmhaireachtaí le dreamanna eile. Chun feidhmiú go héifeachtach i gcultúr atá ag éirí níos casta de réir a chéile, is gá go mbeadh tuiscint ag daoine aonair ar éagsúlacht na dtraidisiún reiligiúnach, agus tuiscint do shaibhreas na mórthraidisiún reiligiúnach a chasfar orthu, ní hamháin in Éirinn, ach san Eoraip agus i gcomhthéacs domhanda níos leithne. Ina theannta sin éilíonn an cultúr nua-aimseartha ar dhuine dul i ngleic leis an bhfreagra saolta ar an eispéireas daonna.

Cé go mbaineann an curaclam iomlán, curaclam a tógadh ar phrionsabail an eolais, na tuisceana, scileanna agus meonta, leis an bhfás pearsanta a spreagadh agus le forbairt spioradálta na ndaltaí a éascú, mar sin féin oireann an t oideachas reiligiúin le deiseanna machnaimh ar an eispéireas daonna a sholáthar do dhaltaí, agus chun an t eispéireas sin a thuiscint agus a léirmhíniú. Spreagann deiseanna dá leithéid rannpháirtíocht na ndaltaí ina gcuid forbartha comhfhiosaí agus criticiúla féin.

Ba cheart go gcinnteodh oideachas reiligiúin go gcuirfí raon leathan traidisiún reiligiúnach i láthair na ndaltaí, mar aon leis an léirmhíniú neamhreiligiúnach ar an saol. Tá ról ar leith sa churaclam aige ó thaobh caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chur chun cinn. Féachtar le scileanna a fhorbairt i ndaltaí, na scileanna sin a theastódh chun páirt a ghlacadh i ndialóg fírinneach leo siúd ar mhalairt traidisiún reiligiúnach agus leo siúd nach bhfuil traidisiún reiligiúnach ar bith ag baint leo.

Tugann an t oideachas reiligiúin deiseanna chun tuiscint eolach chriticiúil a fháil ar an traidisiún Críostaí ina bhunús stairiúil agus ina chuid leaganacha cultúrtha agus sóisialta, agus is cóir go mba chuid é de churaclam a fhéachann le forbairt chriticiúil chultúrtha an duine ina c(h)omhthéacs pearsanta a chur chun cinn.

Cuireann oideachas reiligiúin go mór le curaclam a fhéachann le freastal ar fhorbairt mhorálta na ndaltaí. Cuirtear éagsúlacht cód eiticiúil agus norm iompraíochta i láthair. Spreagtar na daltaí chun dul i ngleic go criticiúil leis na córais mhorálta sin le súil is go dtiocfaidh siad ar sheasamh morálta de thoradh machnaimh, seasamh a bheidh mar bhun do na cinntí a gcaithfidh siad aghaidh a thabhairt orthu agus iad ina ndaoine fásta, agus do na patrúin iompraíochta agus tiomantais a léireoidh cé mar a réiteoidh siad lena gcuid pobal áitiúil agus leis an saol i gcoitinne.

Mar achoimre, tá sé ag dul don oideachas reiligiúin páirt lánaontaithe a éileamh in aon churaclam a bhfuil sé mar aidhm aige forbairt ghinearálta an duine a spreagadh de réir aidhm shonraithe an oideachais. Dá ndéanfaí siollabas oideachais reiligiúin a mheasúnú ar leibhéal náisiúnta, agus teastais a bhronnadh, sholáthrófaí ráitis dheimhnithe do na daltaí faoina raibh curtha i gcrích acu, agus an méid sin bunaithe ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na meonta ar dlúthchuid den siollabas sin iad.

# AN tOIDEACHAS REILIGIÚIN SAN ARDTEISTIMÉIREACHT

Leagann cláir na hArdteistiméireachta béim faoi leith ar dhaltaí a ullmhú do riachtanais an bhreisoideachais agus na breisoilúna, don fhostaíocht, agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha tionscantacha. Leagtar béim ar intinn cheisteach, ar mhachnamh criticiúil, ar réiteach fadhbanna, ar fhéinmhuinín, ar tionscantacht agus ar fhiontraíocht. Ullmhaíodh an siollabas i gcomhthéacs na ngnéithe sin agus ag cur san áireamh an pháirt shuntasach a ghabhann le hoideachas reiligiúin i gclár na hArdteistiméireachta.

Cuideoidh gabháil mhachnamhach leis an eolas, leis an tuiscint, leis na scileanna agus leis na meonta faoi leith ar a bhfuil siollabas an oideachais reiligiúin bunaithe, le forbairt na scileanna ceistithe, smaointeoireachta agus fadhbréitigh atá lárnach i gclár na hArdteistiméireachta. Tá tábhacht faoi leith don tsaorántacht náisiúnta agus domhanda ag baint leis an mbéim sa siollabas ar fhiúntas an chreidimh reiligiúnaigh, ar an éagsúlacht agus ar an meas ar cóir a bheith ag daoine ar a chéile.

Caithfidh an dalta a leanann den chúrsa staidéir seo ról an cheisteora chriticiúil agus ról an chuardaitheora mhachnamhaigh a ghlacadh chuige/ chuici féin, rólanna atá i gceartlár an ghealltanais don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Éilíonn an t-oideachas reiligiúin i gclár na hArdteistiméireachta cíoradh saincheisteanna ar nós brí agus fiúntais, nádúr na moráltachta, forbairt agus éagsúlacht creidimh, prionsabail na sochaí córa, agus na n-impleachtaí a bhaineann le dul chun cinn na heolaíochta. Déantar an cíoradh sin i gcomhthéacsanna pearsanta, áitiúla agus domhanda agus is acmhainn luachmhar é don tsaoránacht rannpháirteach a shamhlaítear in aidhm an oideachais.

# AIDHMEANNA AN tOIDEACHAIS REILIGIÚIN DON ARDTEISTIMÉIREACHT

Tairgeann oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chlár an Teastais Shóisearaigh. Is iad na haidhmeanna atá tugtha thíos aidhmeanna an teagaisc reiligiúin don mheasúnú agus don teistiúchán san iar-bhunscoil.

1. Tuiscint a chothú gur rud coiteann do gach phobal i ngach aois, riamh agus choíche, é cuardach an duine don bhrí.
2. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a léirítí, agus a léirítear i gcónaí, an cuardach brí seo sa reiligiún.
3. Sainaithint a dhéanamh ar an gcaoi ar chuidigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúnacha, agus traidisiún na Críostaíochta go háirithe, leis an gcultúr ina mairimid, agus faoin gcaoi a mbíonn tionchar acu i gcónaí ar stíl mhaireachtála phearsanta, ar ghaolmhaireachtaí idirphearsanta, agus ar ghaolmhaireachtaí idir daoine agus a gcuid pobal agus comhthéacsanna.
4. Meas a bheith ann ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúnach agus aitheantas a thabhairt do mhíniú neamhreiligiúnach na beatha.
5. Cuidiú le forbairt spioradálta agus morálta an dalta.

# STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

Tá sé i gceist an siollabas a theagasc san ord atá leagtha amach thíos. Trí aonad atá sa chúrsa.

## AONAD A hAON

**ROINN A** **Ag cuardach brí agus luachanna**

## AONAD A DÓ

Dhá cheann ar bith as:

**ROINN B** **An Chríostaíocht: bunús agus leaganacha comhaimseartha**

**ROINN C** **Reiligiúin an domhain**

**ROINN D** **Cinneadh morálta**

## AONAD A TRÍ

Ceann ar bith díobh seo a leanas (seachas an dá roinn a ainmníodh don obair chúrsa).

**ROINN E** **An reiligiún agus cúrsaí inscne**

**ROINN F** **Saincheisteanna córa agus síochána**

**ROINN G** **Adhradh, urnaí agus deasghnátha**

**ROINN H** **An Bíobla: litríocht agus téacs naofa**

**ROINN I** **Cúrsaí reiligiúin: taithí na hÉireann**

**ROINN J** **An reiligiún agus an eolaíocht**

Cuimsíonn gach roinn ar leith:

**Aidhmeanna**

Sna haidhmeanna i dtús gach roinne, leagtar cuspóir ginearálta na roinne sin amach agus léirítear cén gaol atá ag an roinn le haidhmeanna móriomlána an tsiollabais.

**Roinnt foranna, agus i ngach ceann díobh tá:**

*Cuspóirí*

Ag tógáil ar aidhmeanna na roinne uile, tugann na cuspóirí léiriú ar an treo ónar cheart díriú ar an ábhar.


*Topaicí*

Cuireann na ranna seo na réimsí staidéir i láthair.

*Torthaí foghlama*

Léiríonn siad seo doimhneacht agus leithead na gleice leis na topaicí a bhfuiltear ag súil leis.

Nuair atá clár staidéir á phleanáil, is gá na ceithre ghné sin de gach roinn ar leith a chur san áireamh:



# MEASÚNÚ AN OIDEACHAIS REILIGIÚIN I SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## 1. Cúis an mheasúnaithe

Is dlúthchuid de phróiseas an oideachais é an measúnú. Tugann sé deiseanna chun meastóireacht a dhéanamh ar churaclaim agus ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil daltaí, agus chun cúiteamh a thabhairt ar am a caitheadh le staidéar ar thopaic faoi leith. Feidhmíonn próiseas an mheasúnaithe i scrúdú na hArdteistiméireachta mar bhunús don dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus fostaíocht chomh maith le teistiúchán gnóthachtála a sholáthar.

## 2. Cad a bheadh le measúnú?

Beidh measúnú an oideachais reiligiúin i scrúdú na hArdteistiméireachta bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne den chúrsa. **Ní bheidh measúnú le déanamh ar chreideamh pearsanta na ndaltaí ná ar a mballraíocht i ngrúpa creidimh faoi leith ar mhaithe le teistiúchán náisiúnta.**

Tá frámaíocht an mheasúnaithe tugtha sa chairt thíos.

| EOLAS | TUISCINT | SCILEANNA | MEONTA |
|---|---|---|---|
| eochairthéarmaí, sainmhínithe, cuir síos agus idirdhealuithe. | tuiscint ar éagsúlacht na léirmhínithe ar an mbeatha, idir chinn reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha | anailís, cur i bhfeidhm agus sintéis | gleic dháiríre leis an ábhar |
| beaichte agus cruinneas faisnéise | eochairchoincheapa agus mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhthéacsanna éagsúla | comparáid agus codarsnacht | tuiscint do agus meas ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúnach |
| doimhneacht an eolais a oireann don leibhéal (ardleibhéal/ gnáthleibhéal) | tuiscint ar naisc idir creideamh agus cleachtas, agus mar a léirítear sa mhoráltacht iad ach go háirithe | fianaise ar chreideamh reiligiúnach a aithint | tuiscint do agus meas ar an léirmhíniú neamhreiligiúnach ar an mbeatha |
| fianaise ar thaighde/ ar staidéar | feasacht ar an idirghníomhaíocht idir gnéithe fisiceacha, mothúchánacha, spioradálta, intleachtúla, morálta agus sóisialta an eispéiris daonna | cúiseanna agus iarmhairtí a shainaithint | oscailteacht don chuardach brí ag daoine agus ag grúpaí |
| idirghaol na dtopaicí difriúla ar an gcúrsa a chur in iúl | feasacht ar an éagsúlacht slite ina léirítear creidimh reiligiúnacha | úsáid chuí de théacsanna agus acmhainní, agus machnamh criticiúil orthu | oscailteacht don dialóg agus do chuardach na gcomhthuisceana |

## 3. Modhanna measúnaithe

### 3.1 Difreáil: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Déanfar measúnú ar an oideachas reiligiúin ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta, faoi mar a dhéantar i gcás siollabas eile don teistiúchán náisiúnta.

**Tá cló dubh ar na ranna siollabais breise do dhaltaí ardleibhéil.**

### 3.2 Dhá chomhchuid

Beidh dhá ghné i modh an mheasúnaithe do scrúdú na hArdteistiméireachta:

1. An obair chúrsa

2. Páipéar scríofa deiridh

Cuirfear na marcanna don obair chúrsa agus don scrúdú scríofa le chéile chun an grád deiridh dáfa a chinntiú. Dámhfar 400 marc ar fad.

#### *3.2.1 An obair chúrsa*

Áireofar an obair chúrsa ina gné de mhodh measúnaithe an oideachais reiligiúin i scrudú na hArdteistiméireachta toisc nádúir an ábhair. Ba chóir deis a thabhairt do dhaltaí ag an leibhéal seo tréimhse sách fada a chaitheamh leis an machnamh, le taighde agus leis an anailísiú. Cuirfear torthaí an phróisis seo ar aghaidh don mheasúnú.

Ainmneofar dhá roinn as aonad a trí den siollabas i gcomhair oibre cúrsa i gcás gach bliain de scrúdú na hArdteistiméireachta. Is iad na ranna céanna a aimneofar don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal. Cuirfear liosta teideal ar fáil don obair chúrsa as gach roinn. Caithfidh na daltaí píosa AMHÁIN d'obair chúrsa a chur isteach.

Dámhfar 20% den mharc foriomlán ar bhonn na hoibre cúrsa.

#### *3.2.2 An scrúdú deiridh*

Ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal, beidh gach roinn den chúrsa, seachas na ranna a ainmníodh don obair chúrsa, le feiceáil ar an bpáipéar scrúdaithe. Beidh 2½ uair dáilte don pháipéar ardleibhéil. Beidh 2 uair dáilte don pháipéar gnáthleibhéil.

# ROINN A

## AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### Aidhmeanna

1. **Reiligiúin a chur i láthair mar fhreagairtí córasacha ar bhuancheisteanna coiteanna na gcinéocha uile faoi bhrí na beatha ar domhan.**

2. **Tuiscint a fhorbairt ar nádúr an chuardaigh bhrí sin trí cheisteanna a scrúdú a thagann chun cinn ó thaithí phearsanta.**

3. **Iniúchadh a dhéanamh ar fhreagairtí fealsúnacha agus reiligiúnacha ar na ceisteanna faoi bhrí na beatha agus an bunús atá léi.**

4. **Iniúchadh a dhéanamh ar na freagairtí fealsúnacha agus reiligiúnacha ar na ceisteanna faoi eiseadh Dé agus faoi nádúr an fhoilsithe dhiaga.**

5. **Iniúchadh a dhéanamh ar ról an reiligiúin sa domhan saolta.**

## Cuid a haon

# AG TÓRAÍOCHT BRÍ

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • fianaise an chuardaigh bhrí agus luachanna i sochaithe ársa agus i gcomhthéacsanna comhaimseartha a aithint agus a shainaithint<br><br>• feasach ar chuir síos dhifriúla ar spioradáltacht agus ar an spéis athnuaite sa spioradáltacht sa tsochaí chomhaimseartha<br><br>• ar an eolas faoin bhfianaise ar chuardach brí agus luachanna i machnamh fealsúnach na sean-Ghréige agus ag eochairphointí i bhforbairt na fealsúnachta. | • a thuiscint go mbíonn an cuardach brí á chur in iúl i gcónaí<br><br>• forbairt léargas saoil neamh-reiligiúnach a thuiscint, mar aon le hairíonna na léargas saoil sin. | • focail a chur ar mhórcheisteanna an tsaoil, iad a aithint agus dul i ngleic leo<br><br>• iarsmaí reiligiúin sna sochaithe is luaithe a shainaithint agus a anailísiú. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas agus oscailteacht a chothú don chuardach brí agus luachanna i saol daoine eile in imeacht na n-aoiseanna<br><br>• aitheantas a chothú gur gá dul i ngleic leis an gcuardach sin mar chuid den fhás i dtreo na haibíochta<br><br>• tuiscint do agus meas ar na freagairtí neamhreiligiúnacha ar na mórcheisteanna sin. |

## A. AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### 1. AG TÓRAÍOCHT BRÍ

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 An comhthéacs comhaim-seartha** | • leaganacha comhaimseartha den chuardach brí<br>• eochaircheisteanna maidir le sprioc agus cuspóir na beatha, an bhrí atá le maith agus le holc, agus eispéireas na fulaingthe<br>• mar a chuirtear na ceisteanna sin in iúl sa chultúr comhaimseartha agus in eispéireas an dalta<br>• tosca a chuireann bac ar an gcuardach brí agus luachanna<br>• an tslí a chuirtear feiniméan na neamhshuime maidir le cuardach brí d'aon saghas in iúl sa saol comhaimseartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shampla ón gcultúr comhaimseartha a thabhairt a léiríonn an cuardach brí a dhéanann daoine. Is féidir samplaí a thabhairt ó réimsí an cheoil, na healaíne, na litríochta nó ó chultúr na n óg<br>• dhá shampla a sholáthar de gach eochaircheist díobh seo a leanas a thagann chun cinn sa chultúr comhaimseartha: sprioc agus cuspóir na beatha; an bhrí atá le maith agus le holc; eispéireas na fulaingthe<br>• tosca cultúrtha sa tsochaí chomhaimseartha a dtig leo bac a chur ar an gcuardach brí a shainaithint<br>• dhá shampla a thabhairt d'fheiniméan comhaimseartha na neamhshuime i leith an chuardaigh bhrí. |
| **1.2 Traidisiún an chuardaigh** | • nádúr agus cuspóir na fealsúnachta.<br>• smaointe Shocráitéis ar an leas morálta, ar chuspóir na beatha agus ar thábhacht eisintí<br>• smaointe Phlátó ar thábhacht na n idéanna, ar nádúr na réaltachta, agus ar dhéachas an nádúir dhaonna<br>• smaointe Arastatail faoi ábhar agus foirm, agus a pháirt siúd i smaoineamh agus i bprionsabail na heolaíochta<br>• forbairt na fealsúnachta sa tSean-Ghréig — na Sofaistí<br>• eochairthráthanna i bhforbairt an smaoinimh fhealsúnaigh, ón ré chlasaiceach anonn go dtí ár ré féin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• sainmhíniú agus míniú gearr a thabhairt ar nádúr agus cuspóir na fealsúnachta i dtéarmaí an chuardaigh bhrí agus luachanna<br>• i gcás Socráitéas, Plátó agus Arastatal, achoimre a thabhairt ar dhá phríomhidé dá gcuid, agus tábhacht gach idé díobh i bhforbairt na fealsúnachta a mhíniú<br>• breac-chuntas a thabhairt ar ionad na Sofaistí i sochaí na sean-Ghréige agus ar a dtábhacht i bhforbairt an smaoinimh fhealsúnaigh<br>• maidir le ceist an chuardaigh bhrí: sainaithint agus míniú gearr a thabhairt ar thrí eochairthráth i bhforbairt an smaoinimh fhealsúnaigh ón ré chlasaiceach anonn go dtí an ré chomhaimseartha. |

**Cuid a dó**

# FREAGRA AN CHUARDAIGH

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • fianaise an chuardaigh bhrí agus luachanna i sochaithe ársa agus i gcomhthéacsanna comhaimseartha a aithint agus a shainaithint<br><br>• feasach ar chuir síos dhifriúla ar spioradáltacht agus ar an spéis athnuaite sa spioradáltacht sa tsochaí chomhaimseartha<br><br>• eilimintí den smaointeoireacht shiombalach, mhiotaseolaíoch, agus mheafarach sna traidisiúin reiligiúnacha agus saolta, idir ársa agus chomhaimseartha, a aithint agus a shainaithint<br><br>• eolach ar chuid de chosmeolaíochtaí na heolaíochta nua-aimseartha. | • feasach gur fhéach an cine daonna, ón ré is faide siar, lena bhfreagairt ar an gcuardach brí a chur in iúl le héagsúlacht spioradáltachta, teangacha siombalacha, agus córas brí<br><br>• feasach ar chuir síos dhifriúla ar an spioradáltacht agus ar an spéis athnuaite sa spioradáltacht sa tsochaí chomhaimseartha<br><br>• forbairt léargas saoil neamh-reiligiúnach a thuiscint, mar aon le hairíonna na léargas saoil sin. | • an éagsúlacht freagairtí a tugadh sa ré atá caite agus sa chultúr comhaimseartha a aithint, agus dul i ngleic leo<br><br>• iarsmaí reiligiúin sna sochaithe is luaithe a shainaithint agus a anailísiú. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas agus oscailteacht a chothú don chuardach brí agus luachanna i saol daoine eile in imeacht na n-aoiseanna<br><br>• aitheantas gur gá dul i ngleic leis an gcuardach sin mar chuid den fhás i dtreo na haibíochta<br><br>• tuiscint do agus meas ar an éagsúlacht freagairtí neamhreiligiúnacha ar mhórcheisteanna an tsaoil<br><br>• eolas criticiúil agus íogaireacht i dtaobh éagsúlacht na bhfreagairtí reiligiúnacha. |

## A. AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### 2. AN FHREAGAIRT AR AN gCUARDACH

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **2.1 Teanga na siombailí** | • foirmeacha de theanga na siombailí<br>• tábhacht na siombailí i bhfoirmiú freagairtí ar cheist bhrí na beatha<br>• cumhacht theanga na siombailí agus a tionchar ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, agus ar shochaithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• an fáth a mhíniú gur tháinig siombailí chun cinn i bhfoirmiú freagairtí ar cheisteanna na beatha<br>• sampla a thabhairt, i ngach cás, de chumhacht theanga na siombailí<br>– ar dhaoine aonair<br>– ar ghrúpaí<br>– ar shochaithe. |
| **2.2 Traidisiún an fhreagra** | • an miotas agus na cosmeolaíochtaí luatha<br>• fianaise ar iompraíocht reiligiúnach agus spioradálta sna sochaithe ársa<br>• an tuiscint ar naofacht sa chultúr comhaimseartha<br>• an spioradáltacht sa chultúr comhaimseartha<br>• eochairdhaoine sa traidisiún daonnachtach<br>• an bhrí atá le haindiachas agus le hagnóiseachas<br>• roinnt cosmeolaíochtaí san eolaíocht nua-aimseartha<br>• freagairtí neamhreiligiúnacha ar cheisteanna móra an tsaoil. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas a thabhairt ar thrí mhiotas ó chultúir ársa a fhéachann le heochaircheisteanna a fhreagairt<br>• fianaise ar iompraíocht reiligiúnach i sochaithe ársa as gach ceann díobh seo a leanas a sholáthar: deasghnátha pasáiste agus rúnpháirte; deasghnátha adhlactha agus íobartha; ealaín agus déantáin naofa<br>• fianaise a sholáthar ar an tuiscint ar an naofacht sa chultúr comhaimseartha<br>• fianaise a sholáthar ar an spioradáltacht sa chultúr comhaimseartha<br>• triúr eochairdhaoine sa traidisiún daonnachtach a shainaithint. I gcás gach duine díobh, breac-chuntas a thabhairt ar eochairsmaoineamh amháin i dteagasc an duine sin<br>• an t-aindiachas agus an t agnóiseachas a shainmhíniú, agus a mhíniú<br>• breac-chuntas gearr a thabhairt ar dhá chosmeolaíocht san eolaíocht nua-aimseartha<br>• míniú gairid a thabhairt ar na freagairtí neamhreiligiúnacha seo a leanas ar cheisteanna na beatha:<br>– an traidisiún daonnachtach saolta<br>– an t aindiachas<br>– an t agnóiseachas<br>– an réaduchtachas. |

**Cuid a trí**

# COINCHEAPA DE DHIA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • aithint go bhfuil tuiscint ar Dhia, agus ar ghaol Dé leis an gcine daonna agus leis an uilebhith, i gcroílár roinnt de na freagairtí reiligiúnacha ar mhórcheisteanna na beatha, agus go mbaineann impleachtaí eiticiúla le tuiscintí dá leithéid<br><br>• eolach ar choincheapa an aondiachais agus an ildiachais, agus beidh cur amach éigin acu ar na tuiscintí ar Dhia sna traidisiúin aondiachúla<br><br>• feasach ar na cruthúnais traidisiúnta ar eiseadh Dé i dtraidisiún na Críostaíochta, agus a bhfoinsí agus a dtionchar. | • coincheap an fhoilsithe dhiaga agus ar a léirmhíniú laistigh de roinnt traidisiún reiligiúnach a thuiscint<br><br>• forbairt agus airíonna na léargas saoil neamhreiligiúnach a thuiscint. | • focail a chur ar mhórcheisteanna an tsaoil, iad a aithint agus dul i ngleic leo<br><br>• an éagsúlacht freagairtí a tugadh sa ré atá caite agus sa chultúr comhaimseartha a aithint, agus dul i ngleic leo<br><br>• iarsmaí reiligiúin sna sochaithe is luaithe a shainaithint agus a anailísiú. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas agus oscailteacht a chothú don chuardach brí agus luachanna i saol daoine eile in imeacht na n aoiseanna<br><br>• aitheantas gur gá dul i ngleic leis an gcuardach sin mar chuid den fhás i dtreo na haibíochta<br><br>• tuiscint do agus meas ar an éagsúlacht freagairtí reiligiúnacha ar mhórcheisteanna an tsaoil<br><br>• feasacht chriticiúil agus íogaireacht i dtaobh éagsúlacht na bhfreagairtí reiligiúnacha. |

## A. AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### 3. COINCHEAPA DE DHIA

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **3.1 Na déithe ársa** | • cuntais ar na déithe sna miotais ársa<br>• an t-ildiachas agus teacht chun cinn an aondiachais<br>• coincheap Dé i dtraidisiúin aondiacha an Ghiúdachais, na Críostaíochta, agus an Ioslamachais. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shampla de na déithe sna miotais ársa a thabhairt<br>• an t ildiachas a mhíniú agus dhá shampla den ildiachas a thabhairt<br>• cuntas gairid a thabhairt ar theacht chun cinn an aondiachais<br>• coincheap Dé a mhíniú i ngach ceann de na traidisiúin aondiacha seo: an Giúdachas, an Chríostaíocht, agus an tIoslamachas. |
| **3.2 Coincheap an fhoilsithe** | • an foilsiú diaga: Dia agus an aithne atá air mar thoradh ar an bhféinfhoilsiú<br>• tábhacht choincheap an fhoilsithe do théacsanna agus do thraidisiúin reiligiúnacha difriúla<br>• an bhrí atá leis an tarchéimnitheacht i roinnt de na traidisiúin reiligiúnacha | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• coincheap an fhoilsithe dhiaga a mhíniú<br>• an tábhacht atá leis an bhfoilsiú diaga in dhá thraidisiún reiligiúnacha difriúla a mhíniú<br>• toradh choincheap an fhoilsithe dhiaga ar an gcleachtas reiligiúnach agus ar léirmhíniú na dtéacsanna reiligiúnacha sa dá thraidisiún reiligiúnacha a thaispeáint<br>• breac-chuntas a thabhairt ar an tuiscint ar an tarchéimnitheacht in dhá thraidisiún reiligiúnacha. |
| **3.3 Dia a ainmniú, mar a bhí agus mar atá** | • íomhánna Dé i gcultúir thraidisiúnta agus chomhaimseartha<br>• an éagsúlacht léirmhínithe reiligiúnacha agus spioradálta ar an eispéireas comhaimseartha daonna<br>• na cruthúnais thraidisiúnta ar eiseadh Dé i scríbhinní Anseilm, Aquinas, agus eile. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• trí íomhá thraidisiúnta agus trí íomhá chomhaimseartha de Dhia a ainmniú agus a mhíniú<br>• na léirmhínithe reiligiúnacha seo a leanas ar an eispéireas daonna comhaimseartha a mhíniú agus sampla a thabhairt de gach ceann díobh: an fháidhiúlacht, an misteachas, an naofacht, an fileatas, an aeistéitic<br>• breac-chuntas a thabhairt ar na cruthúnais thraidisiúnta ar Dhia i scríbhinní Anseilm, Aquinas, agus beirt eile. |

## Cuid a ceathair

# AN REILIGIÚN AGUS FORBAIRT NA LUACHANNA

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • aithint go bhfuil tuiscint ar Dhia, agus ar ghaol Dé leis an gcine daonna agus leis an uilebhith, i gcroílár roinnt de na freagairtí reiligiúnacha ar mhórcheisteanna na beatha, agus go mbaineann impleachtaí eiticiúla le tuiscintí dá leithéid. | • feasach gur thug mórcheisteanna na beatha freagairtí reiligiúnacha a mbíonn páirt thábhachtach acu i gcónaí i saol na gcreidmheach reiligiúnach<br><br>• an gaol idir creideamh reiligiúnach agus cóid eiticiúla a thuiscint<br><br>• forbairt agus airíonna léargas saoil neamhreiligiúnach a thuiscint. | • focail a chur ar mhórcheisteanna an tsaoil, iad a aithint agus dul i ngleic leo<br><br>• an éagsúlacht freagairtí a tugadh sa ré atá caite agus sa chultúr comhaimseartha a aithint, agus dul i ngleic leo. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas agus oscailteacht a chothú don chuardach brí agus luachanna i saol daoine eile in imeacht na n-aoiseanna<br><br>• tuiscint do thionchar an chuardaigh sin ar an saol<br><br>• aitheantas gur gá dul i ngleic leis an gcuardach sin mar chuid den fhás i dtreo na haibíochta<br><br>• tuiscint do agus meas ar an éagsúlacht freagairtí reiligiúnacha ar mhórcheisteanna an tsaoil<br><br>• tuiscint do agus meas ar an éagsúlacht freagairtí neamhreiligiúnacha ar na mórcheisteanna sin. |

## A. AG CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

| 4. AN REILIGIÚN AGUS FORBAIRT NA LUACHANNA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **4.1 An reiligiún mar fhoinse luachanna coiteanna** | • an gaol idir an coincheap de Dhia nó an tuiscint ar an tarchéimnitheacht, agus an coincheap den duine sna traidisiúin reiligiúnacha<br><br>• impleachtaí na nasc sin do noirm iompraíochta. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar an ngaol idir an tuiscint ar an tarchéimnitheacht/ ar Dhia agus an coincheap den duine in dhá thraidisiún reiligiúnacha<br><br>• dhá shampla a thabhairt den chaoi arb iad na naisc sin a chinneann noirm iompraíochta i dtraidisiúin reiligiúnacha. |
| **4.2 Foinsí saolta luachanna coiteanna** | • domhan saolta neamhspleách ag teacht chun cinn, agus córas luachanna agus noirm iompraíochta dá chuid féin aige<br><br>• foinsí neamhreiligiúnacha luachanna coiteanna<br><br>• gaolmhaireachtaí éagsúla idir na reiligiúin agus an domhan saolta. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• trí eochairthráth a shainaithint i dteacht chun cinn córais neamhspleáigh luachanna saolta<br><br>• a léiriú cé mar is féidir le foinsí seachas an reiligiún na luachanna coiteanna a mhúnlú<br><br>• cur síos ar thrí bhealach dhifriúla ina bhfuil baint ag reiligiúin leis an gcultúr saolta. |

# ROINN B

# AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

**Aidhmeanna**

1. **Staidéar ar an mbunús a chur i láthair mar eochair mheastóireachta don am i láthair agus mar eochair léargais ar mhalairt todhchaí.**

2. **Tuiscint do luathghluaiseacht na Críostaíochta a fhorbairt agus í sin a chur i gcomhchoibhneas leis na leaganacha comhaimseartha den Chríostaíocht.**

3. **Sainaithint a dhéanamh ar ghnéithe sainiúla na Críostaíochta laistigh de chomhthéacs stairiúil, sóisialta agus reiligiúnach na sochaí Palaistíní agus Gréag-Rómhánaí sa chéad aois den ré choiteann.**

4. **Éagsúlacht agus athoiriúnacht na gluaiseachta a aithint agus í ag tabhairt aghaidh ar an gcuardach brí ar ghné den saol é an t am sin.**

5. **Iniúchadh a dhéanamh ar an ionannas comhaimseartha reiligiúnach agus Críostaí faoi anáil ár dtuisceana ar a fhís bhunaidh agus ar na leaganacha ba luaithe de.**

## Cuid a haon

# AG FILLEADH AR AN mBUNÚS

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • íomhánna d'Íosa sa chultúr comhaimseartha a aithint agus a shainaithint. | • tábhacht an bhunúis a thuiscint chun an t-am i láthair a thuiscint agus chun léargas a fháil ar chúrsaí amach anseo<br>• feasach ar nádúr stairiúil na Críostaíochta agus ar ról an chomhthéacs chultúrtha i múnlú an chreidimh agus an chleachtais ón ré ársa go dtí an lá inniu<br>• an gaol idir creideamh agus cultúr a thuiscint<br>• léargas a léiriú ar nádúr den shaol pobail Chríostaí agus den fhís eiticiúil Chríostaí. | • tráthanna athchóirithe agus leasaithe sa traidisiún Críostaí a aithint<br>• anailís a dhéanamh ar na tráthanna sin i gcomhthéacs an bhunúis Chríostaí. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint d'áit an chomhthéacs chultúrtha i soiscéalú agus i bhforbairt na dtraidisiún Críostaí. |

## B. AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

### 1. AG FILLEADH AR AN mBUNÚS

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 Patrún an fhillte** | • filleadh ar an mbunús mar phatrún in institiúidí saolta agus reiligiúnacha<br><br>• cuspóir agus toradh na físe bunaidh a athaimsiú<br><br>• filleadh ar an mbunús mar phatrún sa Chríostaíocht agus é á léiriú in dhá cheann díobh seo a leanas:<br>– na Céilí Dé<br>– na hOird Déirce agus a mbunaitheoirí<br>– Liútar<br>– gluaiseacht na Soiscéalaíochta sa phrotastúnachas i dtús an 19ú haois<br>– an Dara Comhairle Vatacánach<br>– diagacht na fuascailte. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• dhá shampla a sholáthar den nós comhaimseartha atá ann filleadh ar an mbunús i dtraidisiúin shaolta agus reiligiúnacha<br><br>• sna samplaí thuas<br>– luaigh cad is cuspóir don fhilleadh ar an bhfís bhunaidh<br>– mínigh toradh athaimsiú na físe bunaidh<br><br>• breac-chuntas gearr a thabhairt ar an bhfilleadh ar an mbunús mar phatrún sa Chríostaíocht agus é sin á léiriú in dhá cheann díobh seo a leanas:<br>– na Céili Dé<br>– na hOird Déirce agus a mbunaitheoirí<br>– Liútar<br>– gluaiseacht na Soiscéalaíochta sa phrotastúnachas i dtús an 19ú haois<br>– an Dara Comhairle Vatacánach<br>– diagacht na fuascailte |
| **1.2 Íosa agus a theachtaireacht sa chultúr comhaimseartha** | • íomhánna d'Íosa sa chultúr comhaimseartha (sa cheol, san ealaín, i scannáin agus sa litríocht)<br><br>• anailís ar na híomhánna sin i dtéarmaí a n inspioráide agus a n ábharthacht don chultúr agus don tsochaí chomhaimseartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• sampla amháin a thabhairt d'íomhá d'Íosa ó dhá cheann díobh seo a leanas: an ceol, an ealaín, scannáin agus an litríocht chomhaimseartha<br><br>• anailís ghonta a sholáthar de na híomhánna sin i dtéarmaí a n inspioráide agus a n ábharthacht don chultúr agus don tsochaí chomhaimseartha. |

## Cuid a dó

# FÍS ÍOSA I gCOMHTHÉACS

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar an gcomhthéacs shoch-pholaitiúil agus reiligiúnach sa Phalaistín in aimsir Íosa<br><br>• foinsí fianaise ar Íosa ó Nazarat a aithint, a chur i gcomparáid agus a luacháil<br><br>• eolach ar theagasc Íosa maidir le réimeas Dé, agus ar impleachtaí agus tionchar an teagaisc sin<br><br>• sainaithint a dhéanamh ar na hionchais mheisiasacha éagsúla in aimsir Íosa. | • forbairt na tuisceana ar Íosa agus ar bhrí a bheatha a rianú<br><br>• feasach ar nádúr stairiúil na Críostaíochta agus ar ról an chomhthéacs chultúrtha i múnlú an chreidimh agus an chleachtais ón ré ársa go dtí an lá inniu<br><br>• an gaol idir creideamh agus cultúr a thuiscint. | • idirdhealú idir fianaise na staire agus dearbhú an chreidimh. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint d'áit an chomhthéacs chultúrtha i seanmóireacht agus i bhforbairt thraidisiún na Críostaíochta<br><br>• feasacht ar thábhacht Íosa ó Nazarat mar phearsa stairiúil<br><br>• tuiscint do theorainneacha an chuir chuige stairiúil agus léirmhíniú á dhéanamh ar shaol Íosa. |

## B. AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

| 2. FÍS ÍOSA I gCOMHTHÉACS | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 Tionchar na Róimhe** | • saintréithe an tsaoil Ghréag-Rómhánaigh in aimsir Íosa<br>– an saol uirbeach agus deireadh leis na patrúin ghaoil traidisiúnta<br>– an clampar idir an cultas impiriúil agus na creidimh aondiacha<br><br>• riail na Róimhe ina bagairt ar na córais pholaitiúla, shóisialta, agus reiligiúnacha sa Phailistín in aimsir Íosa<br><br>• na freagairtí ar an Róimh. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• sainaithint a dhéanamh ar bhealach amháin ina ndeachaigh riail na Róimhe i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:<br>– an córas polaitiúil sa Phailistín in aimsir Íosa<br>– an córas sóisialta sa Phailistín in aimsir Íosa<br>– an córas reiligiúnach sa Phailistín in aimsir Íosa<br><br>• breac-chuntas gearr a thabhairt ar fhreagairtí gach ceann de na grúpaí seo a leanas do riail na Róimhe:<br>– na Díograiseoirí<br>– na Sadúisínigh<br>– na Fairisínigh<br>– na hEiséinigh. |
| **2.2 Fianaise ar Íosa ó Nazarat** | • foinsí reiligiúnacha fianaise ar Íosa<br><br>• foinsí saolta fianaise ar Íosa<br><br>• an fhianaise a luacháil. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar phríomhphointí na fianaise reiligiúnaí ar Íosa as dhá cheann díobh seo a leanas:<br>– aon bheirt de na soiscéalaithe<br>– Pól<br>– Josephus<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar eochairphointí na fianaise saolta ar Íosa ó shaothair Tacitus agus Plinias Óg (Plinius the Younger)<br><br>• an fhianaise a luacháil de réir na slat tomhais seo a leanas:<br>– foinse phríomha nó foinse thánaisteach<br>– foinse údarásach. |
| **2.3 Teagasc Íosa agus tionchar an teagaisc sin ar an bpobal** | • tuiscint na nGiúdach ar Ríocht Dé in aimsir Íosa<br><br>• saintréithe Reachta Dé de réir sheanmóireacht Íosa<br>– an tsíocháin de rogha ar an bhforéigean<br>– an cuimsiú de rogha ar scothghrúpaí (élite) a bheith ag teacht chun cinn<br>– maoin a roinnt de rogha ar shaibhreas a charnadh<br>– Dia dóibh siúd atá gan chumhacht seachas Dia a cheadaíonn an éagothroime. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar thuiscint na nGiúdach ar Ríocht Dé in aimsir Íosa<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar cheithre eochair-shaintréith Reachta Dé de réir sheanmóireacht Íosa<br><br>• sampla de gach ceann de na saintréithe sin a sholáthar ó sheanmóireacht Íosa. |
| **2.4 Íosa mar mheisias** | • ionchais dhifriúla leis an meisias in aimsir Íosa<br><br>• an t-eolas a bhí ag Íosa ar na hionchais sin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú gonta a thabhairt ar gach ionchas díobh seo a leanas maidir leis an meisias in aimsir Íosa<br>– sagartúlacht<br>– dáivíocht<br>– fáidhiúlacht<br>• píosa amháin fianaise a sholáthar ó fhocail Íosa, agus píosa amháin óna chuid gníomhartha, a léiríonn gurbh eol dó na hionchais sin a bheith ann. |

## Cuid a trí

# AN TEACHTAIREACHT I gCOINBHLEACHT

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • cúinsí báis Íosa a thuiscint<br><br>• saintréithe chomhluadar an lucht leanúna i ndiaidh bhás Íosa a ainmniú. | • rianú a dhéanamh ar fhorbairt na dtuiscintí ar Íosa agus ar bhrí a bheatha agus a bháis<br><br>• an gaol idir creideamh agus cultúr a thuiscint<br><br>• léargas a léiriú ar nádúr den shaol pobail Chríostaí agus ar fhís eiticiúil na Críostaíochta<br><br>• tábhacht Íosa, a chuid teagaisc, agus a bháis, agus an chiall a bhí leo siúd do na chéad Chríostaithe, do Chríostaithe an lae inniu, agus don phobal i gcoitinne a thuiscint. | • idirdhealú idir fianaise na staire agus dearbhú an chreidimh. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint d'ionad an chomhthéacs chultúrtha i soiscéalaíocht agus i bhforbairt na físe Críostaí<br><br>• tuiscint do thábhacht Íosa ó Nazarat mar phearsa stairiúil<br><br>• tuiscint do theorainneacha an chuir chuige stairiúil agus léirmhíniú á dhéanamh ar shaol Íosa. |

## B. AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

### 3. AN TEACHTAIREACHT I gCOINBHLEACHT

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **3.1 Coinbhleacht leis an gcóras** | • pearsa agus teachtaireacht Íosa ina ndúshlán do luachanna impiriúla na Róimhe<br><br>• fís Íosa d'athnuachan agus d'athbhunú ag bagairt ar chóras reiligiúnach na nGiúdach.<br>• an fáth a cuireadh Íosa ar a thriail. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• sainithint a dhéanamh ar dhá eochairghné de phearsa agus de theachtaireacht Íosa a chonacthas ina mbagairt ar luachanna impiriúla na Róimhe iad<br><br>• sainaithint a dhéanamh ar dhá eochairghné d'fhís Íosa d'athnuachan agus d'athbhunú ar bhagairt ar chóras reilligiúnach na nGiúdach iad. |
| **3.2 Bás agus aiséirí Íosa** | • Calvaire ina ócáid staire agus ina ócáid chreidimh<br><br>• an tAiséirí ina eispéireas réadúil agus ina ócáid chreidimh agus an méid sin á chur i láthair<br><br>– sna cuntais ar an aiséirí atá sna Soiscéil<br>– trí fhéintuiscint nua na ndeisceabal agus a dtuiscint ar an misean<br>– trína dtuiscint nua ar Íosa agus iad ag cuardach íomhánna oiriúnacha<br>– trína dtuiscint nua ar a raibh i gceist le pobal<br>– trína dtuiscint ar Íosa mar idirghabhálaí slánaithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• an fáth ar cuireadh Íosa ar a thriail a mhíniú<br><br>• cuntas a thabhairt ar an mbreithiúnas a tugadh ar Íosa agus ar bhás Íosa mar ócáid sa stair<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar fhreagairt chreidimh de lucht comhaimsire Íosa ar ar fhulaing sé agus ar a bhás<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar thionchar an Aiséirí ar na deisceabail le cabhair fianaise<br><br>– na gcuntas ar an aiséirí sna Soiscéil<br>– a dtuisceana nua ar Íosa agus an cuardach a rinne siad ar íomhánna oiriúnacha<br>– a dtuisceana ar an misean<br>– a dtuisceana nua ar a raibh i gceist le pobal<br>– a dtuisceana ar Íosa mar idirghabhálaí slánaithe. |

## Cuid a ceathair

# FOIRMIÚ POBAIL CHRÍOSTAÍ

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas ar shaintréithe ceann de na chéad phobail Chríostaí. | • rianú a dhéanamh ar fhorbairt na dtuiscintí ar Íosa agus ar bhrí a shaoil<br>• feasach ar nádúr stairiúil na Críostaíochta agus ar ról an chomhthéacs chultúrtha i múnlú an chreidimh agus an chleachtais ón ré ársa go dtí an lá inniu<br>• an gaol idir creideamh agus cultúr a thuiscint<br>• léargas a léiriú ar nádúr den shaol pobail Chríostaí agus den fhís eiticiúil Chríostaí. | • tráthanna athchóirithe agus leasaithe i dtraidisiún na Críostaíochta a aithint<br>• anailís a dhéanamh ar na tráthanna sin faoi sholas an bhunúis Chríostaí. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint d'ionad an chomhthéacs chultúrtha i seanmóireacht agus i bhforbairt na dtraidisiún Críostaí<br>• tuiscint do thábhacht bheatha, teagaisc, bháis agus aiséirí Íosa do na chéad Chríostaithe, do Chríostaithe an lae inniu, agus don phobal i gcoitinne. |

## B. AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

| 4. FOIRMIÚ POBAIL CHRÍOSTAÍ | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **4.1 Mar a fheictear na chéad phobail Chríostaí trí cheann de scríbhinní Phóil** | Pobal amháin le roghnú as Corant, Teasaloinicé nó Filipí agus staidéar a dhéanamh orthu faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>• an suíomh geografach<br>• léirithe an chreidimh Chríostaí agus patrúin iompraíochta<br>• deacrachtaí laistigh den phobal agus leis an gcultúr i gcoitinne. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• cuntas a thabhairt ar luathphobal Críostaí ó Chorant, Teasaloinicé nó Filipí ina luaifear<br>– a shuíomh geografach<br>– príomhghnéithe an chreidimh Chríostaí agus mar a chuaigh an creideamh sin i bhfeidhm ar stíl mhaireachtála na gcreidiúnach<br>– teannais laistigh den phobal agus aon teannas a bhí ann le daoine eile lasmuigh den phobal Críostaí. |

## Cuid a cúig

# TEACHTAIREACHT NA CRÍOSTAÍOCHTA SA LÁ INNIU

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar fhorbairtí reatha sa ghluaiseacht éacúiméineach<br><br>• treochtaí agus dúshláin chomhaimseartha sa Chríostaíocht a ainmniú agus a aithint. | • tábhacht an bhunúis a aithint maidir le dul i dtuiscint ar an am i láthair, agus maidir le léargas a fháil ar chúrsaí amach anseo<br><br>• feasach ar nádúr stairiúil na Críostaíochta agus ar ról an chomhthéacs chultúrtha i múnlú an chreidimh agus an chleachtais ón ré ársa go dtí an lá inniu<br><br>• an gaol idir creideamh agus cultúr a thuiscint<br><br>• léargas a léiriú ar nádúr den shaol pobail Chríostaí agus den fhís eiticiúil Chríostaí. | • tráthanna athchóirithe agus leasaithe i dtraidisiún na Críostaíochta a aithint<br><br>• anailís a dhéanamh ar na tráthanna sin i gcomhthéacs an bhunúis Chríostaí.<br><br>• feasacht chriticiúil a fhorbairt ar a gcuid pobal Críostaí áitiúla/ féin, faoi sholas bhunteachtaireacht Íosa agus faoi sholas an tsaoil sna chéad phobail. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint d'ionad an chomhthéacs chultúrtha i soiscéalaíocht agus i bhforbairt na dtraidisiún Críostaí<br><br>• tuiscint do thábhacht bheatha, teagaisc, bháis agus aiséirí Íosa do na chéad Chríostaithe, do Chríostaithe an lae inniu, agus don phobal i gcoitinne<br><br>• oscailteacht do leaganacha éagsúla den Chríostaíocht. |

## B. AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS LEAGANACHA COMHAIMSEARTHA

| 5. TEACHTAIREACHT NA CRÍOSTAÍOCHTA SA LÁ INNIU | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **5.1 Léirmhíniú na teachtaireachta sa lá inniu** | I gcás ceann amháin díobh seo a leanas, iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a fheictear do theagasc agus d'obair sainaicme Chríostaí amháin go bhfuiltear ag leanúint de mhisean Íosa:<br>• Críostaithe a chaithfidh dul i ngleic le foréigean, le héadulaingt agus le seicteachas<br>• an tuiscint Chríostaí atá i gceist maidir le sochaí chóir chuimsitheach<br>• Críostaithe agus acmhainní an domhain i gcomhúsáid agus i gcomhroinn<br>• an creideamh Críostaí agus an bua ar an mbás<br>• saol pobail Chríostaí sa lá inniu: struchtúir agus údarás. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• ceann amháin díobh seo a leanas a roghnú mar léiriú ar an gcaoi a leanann teagasc agus obair sainaicme Chríostaí amháin de mhisean Íosa:<br>– sampla a thabhairt de fhreagairt chomhaimseartha Chríostaí ar an bhforéigean nó ar an éadulaingt nó ar an seicteachas<br>– sampla a thabhairt d'iarracht chomhaimseartha Chríostaí sochaí chóir chuimsitheach a chruthú<br>– sampla a thabhairt d'fhís chomhaimseartha Chríostaí maidir le hacmhainní an domhain a úsáid agus a roinnt<br>– sampla a thabhairt de fhreagairt Chríostaí ar bheith ag fáil bháis, agus ar an mbás féin<br>– sampla a thabhairt de struchtúir agus d'údarás pobail Chríostaí. |
| **5.2 Treochtaí sa Chríostaíocht** | • i dtreo na haontachta Críostaí NÓ an t adhradh Críostaí i gcuimhne ar Íosa<br>• saincheisteanna comhaimseartha sa Chríosteolaíocht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas a thabhairt ar roinnt de na heochairéachtaí agus de na heochairdheacrachtaí sna hiarrachtaí i dtreo na haontachta Críostaí NÓ míniú a thabhairt ar an mbealach a gcuimhnítear ar Íosa le dhá dheasghnáth adhartha Críostaí<br>• dhá thuiscint chomhaimseartha d'Íosa a mhíniú, agus an scríbhneoir a bhfuil baint aige le gach tuiscint díobh a ainmniú. |

# ROINN C

# REILIGIÚIN AN DOMHAIN

## Aidhmeanna

1. **An reiligiún a shainaithint mar fheiniméan beo atá ag éabhlóidiú agus roinnt de na cineálacha difriúla reiligiún atá ann a scrúdú.**

2. **Iniúchadh a dhéanamh ar dhá cheann ar a laghad de na mórthraidisiúin reiligiúnacha beo agus gnéithe díobh a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.**

3. **Roinnt léirithe comhaimseartha reiligiúin i mórthraidisiúin, i miontraidisiúin agus i ngluaiseachtaí reiligiúnacha nua a scrúdú.**

## Cuid a haon

# FEINIMÉAN AN REILIGIÚIN

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • idirdhealú idir chineálacha difriúla reiligiúin<br>• eolach ar dháileadh na mórthraidisiún reiligiúnach agus ar threochtaí laistigh de na traidisiúin sin. | • tuiscint gur rud ársa, éagsúil, dinimiciúil é an creideamh reiligiúnach. | • rianta an chreidimh reiligiúnaigh a aithint i bhfianaise ársa na staire. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas ar chreidimh reiligiúnacha daoine eile agus ar chultúir eile. |

## C. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

| 1. FEINIMÉAN AN REILIGIÚIN | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **1.1 An reiligiún mar fheiniméan domhanda** | • cineálacha reiligiúin<br>• dáileadh domhanda an reiligiúin<br>• an reiligiún san Eoraip<br>• traidisiúin reiligiúnacha in Éirinn<br>• treochtaí reiligiúnacha in Éirinn. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• saghsanna difriúla reiligiúin a liostú<br>• tuairisc a thabhairt ar dháileadh domhanda an reiligiúin<br>• samplaí a thabhairt de thraidisiúin reiligiúnacha in Éirinn<br>• cur síos a thabhairt, le cuidiú na fianaise cuí, ar thrí mhórthreocht reiligiúnach in Éirinn faoi láthair. |
| **1.2 An reiligiún príomha** | • nádúr an reiligiúin phríomha agus an tábhacht atá leis i staidéar an reiligiúin<br>• coincheapa agus feiniméin:<br>– mana<br>– geis<br>– tótam<br>– shaman. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• tuairisc a sholáthar ar reiligiún príomha, agus cuntas a thabhairt ar thábhacht a thionchair ar reiligiúin i gcoitinne<br>• alt gearr a scríobh ar gach ceann díobh seo a leanas:<br>– mana<br>– geis<br>– tótam<br>– shaman. |
| **1.3 An naofacht** | • naofacht mar choincheap<br>• an gaol idir an naofacht agus an tsaoltacht sa reiligiún<br>• idirghabháil an ghaoil sin in oibiachtaí<br>• idirghabháil an ghaoil sin i ndaoine aonair. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis 'an naofacht' mar choincheap<br>• breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis 'an naofacht' agus 'an tsaoltacht', agus plé gairid a dhéanamh ar an ngaol eatarthu<br>• an gaol idir 'an naofacht' agus 'an tsaoltacht' i gcúrsaí reiligiúin a phlé, agus samplaí d'oibiachtaí a úsáid<br>• an gaol idir 'an naofacht' agus 'an tsaoltacht' i gcúrsaí reiligiúin a phlé, agus samplaí de dhaoine a úsáid. |

## Cuid a dó

# SÚIL NÍOS GÉIRE AR NA MÓRTHRAIDISIÚIN BHEO

Staidéar le déanamh ar dhá thraidisiún reiligiúnacha ag na daltaí uile: ceann as liosta A agus ceann as liosta B.
Caithfidh daltaí ardleibhéil, de bhreis air sin, staidéar a dhéanamh ar an ngaol idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas

| LIOSTA A | LIOSTA B |
|---|---|
| An Chríostaíocht<br>(sainchreideamh ar bith)<br>An Giúdachas | IIoslam<br>An Búdachas<br>An Hiondúchas |

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an mioneolas faoi phríomhghnéithe dhá mhórthraidisiún reiligiúnacha agus ar an eolas faoi thraidisiún beo amháin eile<br><br>• feasach ar an ngaol ar leith idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas agus ar bhunús agus impleachtaí an ghaoil sin. | • a thuiscint go bhfuil gnéithe ag na mórthraidisiúin i gcomhpháirt fiú má bhaineann saintréithe ar leith le gach traidisiún díobh<br><br>• feasach go ndearnadh na mórthraidisiúin reiligiúnacha a fhorbairt agus a athchóiriú go mór ó bunaíodh iad, agus go dtéann siad i bhfeidhm ar shaol agus ar chultúr a lucht leanúna i gcónaí. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach sa chultúr comhaimseartha a aithint<br><br>• móitífeanna agus saintréithe cosúla a aithint i dtraidisiúin idir-reiligiúnacha sa siollabas, a bhféadfaidís casadh orthu. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas ar thábhacht an dialóig idirchreidmhigh<br><br>• meas ar chreidimh reiligiúnacha daoine eile agus ar chultúir eile. |

## C. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

| 2. SÚIL NÍOS GÉIRE AR NA MÓRTHRAIDISIÚIN BHEO | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 Fís den tslánú** | *Sa dá thraidisún*<br>• an fhís atá molta den tslánú/ den fhuascailt<br><br>• íomhá den duine daonna<br><br>• nádúr an ghaoil idir an tarchéimnitheacht agus an daonnacht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• fís an tslánaithe/na fuascailte atá molta a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht<br><br>• próifíl a chur le chéile den 'duine daonna' de réir mar a chuirtear i láthair é i ngach traidisiún.<br><br>• cuntas a thabhairt ar an ngaol idir an tarchéimnitheacht agus an daonnacht, agus samplaí a úsáid as gach traidisiún ar leith. |
| **2.2 Pobal na gcreidmheach** | *Sa dá thraidisún*<br>• ionad an phobail sna traidisiúin a bhfuiltear ag déanamh staidéir orthu<br><br>• nádúr agus ordú an ghaoil idir na baill<br><br>• an struchtúr agus an t eagrú ag leibhéal áitiúil agus domhanda<br><br>• foinse agus brí an údaráis<br><br>• nádúr agus ordú an ghaoil idir baill an traidisiúin agus an saol mór. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cuntas a thabhairt ar ionad an phobail i ngach ceann ar leith de na traidisiúin<br><br>• cur síos ar eagrú na ndaoine sa traidisiún<br><br>• cuntas a thabhairt ar an struchtúr agus ar an eagrú ag leibhéal áitiúil agus domhanda<br><br>• 'údarás' a shainmhíniú, a rá cad is ciall leis agus cad as a dtagann sé sna traidisiúin<br><br>• cuntas a thabhairt ar an mbaint atá ag baill an traidisiúin leis an saol mór agus ar a dtuiscint ar an saol, agus vice versa. |
| **2.3 Traidisiún ceiliúrtha** | *Sa dá thraidisún*<br>• gnéithe de dheasghnátha, agus deasghnátha tionscnaimh go háirithe<br><br>• mar a shonraítear agus mar a cheiliúrtar an t am agus /nó na séasúir<br><br>• ceiliúradh céimeanna i gciogal na beatha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cur síos ar dheasghnátha tionscnaimh ar bith a bhaineann leis na traidisiúin (nó murab ann dá léithéid, ar dheasghnáth tábhachtach eile)<br><br>• cur síos, le cabhair samplaí, ar an gcaoi a sonraíonn agus a cheiliúrann an traidisiún an t am agus/nó na séasúir<br><br>• eochairghnéithe chiogal na beatha daonna a chur i láthair agus a léiriú cé mar a cheiliúrann an traidisiún gach ceann díobh. |

## C. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

| 2. SÚIL NÍOS GÉIRE AR AN MÓRTHRAIDISIÚIN BHEO | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.4 Dúshláin sa traidisiún** | *Sa dá thraidisiún*<br>• taithí chomhaimseartha an traidisiúin, ag tagairt go háirithe don traidisiún in Éirinn.<br>• gluaiseachtaí nua agus forbairtí ar leathnú an traidisiúin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• tuairisciú ar thaithí chomhaimseartha na dtraidisiún, i gcomhthéacs na hÉireann go háirithe<br>• forbairtí féideartha ar na traidisiúin amach anseo a phlé. |
| **2.5 An dialóg idirchreidimh** | • bunús an dialóig idirchreidimh<br>• nádúr agus cuspóir an dialóig sin<br>• ról an chreidimh reiligiúnaigh in dhá cheann de na suímh choinbhleachta chomhaimseartha ar domhan. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas soiléir a thabhairt ar a bhfuil i gceist le dialóg 'idírchreidimh' agus samplaí dá bhunús a thabhairt<br>• tábhacht an dialóig idirchreidimh a phlé<br>• dhá choinbhleacht chomhaimseartha a ainmniú ina bhfuil ról ag an gcreideamh reiligiúnach, agus nádúr an ghaoil idir an reiligiún agus an coinbhleacht a mhíniú. |

## Cuid a trí
## (Cuid a trí nó cuid a ceathair le déanamh ag na daltaí)

# GLUAISEACHTAÍ REILIGIÚNACHA NUA

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar airíonna gluaiseachtaí reiligiúnacha nua<br><br>• ar an eolas faoi bhunús, faoi theagasc, agus faoi thionchar dhá cheann de na gluaiseachtaí reiligiúnacha nua. | • a thuiscint gur rud ársa, éagsúil dinimiciúil é an creideamh reiligiúnach<br><br>• fiúntas an dialóig idirchreidimh a aithint. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach sa chultúr comhaimseartha a aithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• grinneas criticiúil nuair a chastar gluaiseachtaí reiligiúnacha nua orthu. |

### C. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

| 3. GLUAISEACHTAÍ REILIGIÚNACHA NUA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 Cultais agus seicteanna** | • cad is cultas ann?<br><br>• cad is seict ann?<br><br>• roinnt airíonna coitianta na gcultas reiligiúnach<br><br>• an gaol idir na reiligiúin traidisúnta agus na gluaiseachtaí reiligiúnacha nua. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• sainmhíniú de 'cultas' a thabhairt, mar aon le samplaí<br><br>• sainmhíniú de 'seict' a thabhairt, mar aon le samplaí<br><br>• plé a dhéanamh ar an bhfáth a gceisteofaí na sainmhínithe sin<br><br>• airíonna coitianta/gnéithe coitianta cultas a liostú<br><br>• cur síos ar na gnéithe a bhíonn ag cultais agus ag reiligiúin i gcomhroinn, agus ar na difríochtaí eatarthu. |
| **3.2 Roinnt gluaiseachtaí reiligiúnacha nua** | • breac-chuntas ar dhá ghluaiseacht reiligiúnacha nua<br>– bunú<br>– na mórphrionsabail chreidimh<br>– stíl mhaireachtála na mball. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• próifíl a sholáthar ar dhá ghluaiseacht reiligiúnacha nua, faoi na ceannteidil seo<br>– bunú<br>– na mórphrionsabail chreidimh<br>– stíl mhaireachtála agus nósanna/cleachtais na mball. |

**Cuid a ceathair**

**(Cuid a trí nó cuid a ceathair le déanamh ag na daltaí)**

# REILIGIÚIN BHEO EILE

## AN CREIDEAMH BAHA'I, REILIGIÚN NA SÍNE, REILIGIÚN NA SÍCEACH, REILIGIÚN TRAIDISIÚNTA NA hAFRAICE

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoi thraidisiún beo amháin eile<br>• ar an eolas faoi bhunús agus faoi dháileadh an traidisiúin, agus faoi stíl mhaireachtála na gcreidiúnach. | • a thuiscint gur rud ársa, éagsúil, dinimiciúil é an creideamh reiligiúnach. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach sa chultúr comhaimseartha a aithint<br>• móitífeanna agus saintréithe cosúla sna traidisiúin reiligiúnacha eile sa siollabas a aithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• caoinfhulaingt maidir le creidimh reiligiúnacha daoine agus cultúr eile, agus meas orthu. |

### C. REILIGIÚIN AN DOMHAIN

| 4. REILIGIÚIN BHEO EILE | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **4.1 Traidisiún beo** | I gcás reiligiúin bheo amháin ar an liosta<br>• dáileadh an reiligiúin/dáileadh na dtraidisiún<br>• stíl mhaireachtála na gcreidiúnach sa lá inniu<br>• bunús an traidisiúin/na dtraidisiún<br>• géarleanúint/coinbhleacht a bhaineann leis an traidisiún. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• taighde a dhéanamh agus buneolas agus léargas ginearálta a chur i láthair ar thraidisiún beo amháin ar an liosta, ina mbeidh<br>– graf dáileacháin/léarscáil dáileacháin<br>– cur síos ar an stíl mhaireachtála<br>– an bunús<br>– cuntas ar ghéarleanúint/ar choinbhleacht. |
| **4.2 Traidisiúin i nDialóg** | • an gaol idir an reiligiún beo agus mór-reiligiún domhanda amháin<br>– maidir le bunús<br>– maidir le forbairt<br>– sa chomhthéacs comhaimseartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an reiligiún beo a roghnaíodh agus mór-reiligiún domhanda amháin faoi na ceannteidil seo a leanas<br>– an bunús<br>– an fhorbairt<br>– an comhthéacs comhaimseartha. |

# Roinn D

# CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

## Aidhmeanna

1. **Cuid de na tuiscintí ar 'moráltacht' a iniúchadh, mar aon lena gcuid impleachtaí i gcinntí pearsanta.**

2. **Gnéithe agus comhthéacs cinnidh mhorálta a shainaithint.**

3. **An fhís Chríostaí mhorálta a chur i láthair agus a scrúdú, mar aon le fís mhorálta na mór-reiligiún domhanda eile.**

4. **An gaol idir an mhoráltacht agus an dlí a iniúchadh**

## Cuid a haon

# AG SMAOINEAMH AR AN MORÁLTACHT

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar bhríonna éagsúla an téarma 'moráltacht'<br>• a thuiscint gur feiniméan daonna í an mhoráltacht agus í ina bun le cuid mhór machnaimh agus smaointeoireachta ón ré chianársa i leith<br>• feasach ar an tábhacht atá le luachanna pearsanta agus pobail, agus mar a léirítear i gcóid dlí saolta agus reiligiúnacha iad. | • a thuiscint gur féidir le duine a bheith ina dhuine morálta, agus é neamhspleách ar chreideamh nó ar bhallraíocht reiligiúnach. | • an mhoráltacht a shainaithint mar fheiniméan daonna. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• cumas chun dialóg éifeachtach a dhéanamh le traidisiúin dlíthiúla agus reiligiúnacha. |

## D. CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

### 1. AG SMAOINEAMH AR AN MORÁLTACHT

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 Na bríonna atá le moráltacht** | • an mhoráltacht ina feiniméan nádúrtha daonna<br>• smaointeoireacht sibhialtachtaí ársa ar an moráltacht<br>– na hEabhraigh<br>– na Gréagaigh<br>– na Rómhánaigh. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• trí shampla a thabhairt ón gcultúr nua-aimseartha a léiríonn gur feiniméan nádúrtha daonna í an mhoráltacht<br>• sainaithint a dhéanamh ar cheist mhór mhorálta ag gach ceann de na sibhialtachtaí ársa seo a leanas: an tsibhialtacht Eabhrach, an tsibhialtacht Ghréagach, an tsibhialtacht Rómhánach. |
| **1.2 Cén fáth a mbeifeá morálta?** | • luachanna pearsanta agus pobail<br>• mar a chuirtear luachanna pearsanta agus pobail in iúl i nDearbhú na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus i gcairteanna eile dá leithéid. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• sampla a thabhairt de luach pearsanta<br>• sampla a thabhairt de luach pobail<br>• breac-chuntas a thabhairt ar an difríocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail<br>• dhá chairt a ainmniú a chuireann luachanna pearsanta agus pobail in iúl<br>• i gcás gach ceann díobh, trí shampla a thabhairt den chaoi a gcoinnítear luachanna pearsanta agus pobail ar cóimheá. |
| **1.2 An leas coiteann agus cearta an duine** | • tuiscintí ar 'an leas coiteann'<br>• mar a chuirtear 'an leas coiteann' in iúl sa dlí sibhialta<br>• cothroime idir 'an leas coiteann' agus cearta an duine. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shainmhíniú a thabhairt ar 'an leas coiteann'<br>• dhá shampla a thabhairt den chaoi a gcuirtear 'an leas coiteann' in iúl i ndlí sibhialta na hÉireann<br>• dhá shampla a thabhairt den chaoi a bhféachann an dlí sibhialta in Éirinn le cearta an duine agus 'an leas coiteann' a chur ar meá cothrom. |

## Cuid a dó

# AN MHORÁLTACHT AGUS AN REILIGIÚN

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| Eolas | Tuiscint | Scileanna | Meonta |
|---|---|---|---|
| • eolach ar bhríonna éagsúla an téarma 'moráltacht'<br><br>• a thuiscint gur feiniméan daonna í an mhoráltacht agus í ina bun le cuid mhór machnaimh agus smaointeoireachta ón ré chianársa i leith<br><br>• feasach ar an tábhacht atá le luachanna pearsanta agus pobail agus mar a léirítear i gcóid dlí saolta agus reiligiúnacha iad<br><br>• eolach ar theagasc eiticiúil Íosa ó Nazarat agus mar a ionchorpraíodh é i dteagasc morálta na dtraidisiún Críostaí<br><br>• eolach ar chórais eiticiúla dhá thraidisiún reiligiúnacha seachas na traidisiúin Chríostaí. | • a thuiscint gur féidir le duine a bheith ina dhuine morálta, neamhspleách ar chreideamh nó ballraíocht reiligiúnach<br><br>• feasach go dtagann peirspictíocht reiligiúnach chun cinn ó thraidisiúin agus ó chreideamh gach traidisiúin reiligiúnaigh<br><br>• a aithint go dtarraingíonn an traidisiún Críostaí a inspioráid dá theagasc morálta ón iliomad foinsí éagsúla<br><br>• léargas na reiligiún ar na himpleachtaí a ghabhann leis an teip mhorálta a thuiscint<br><br>• a thuiscint go ngabhann impleachtaí pearsanta, sóisialta, agus struchtúrtha leis an bpeaca – an teip mhorálta de réir pheirspictíocht an traidisiúin Chríostaí. | • idirdhealú idir an mhoráltacht agus an reiligiún<br><br>• sainaithint agus luacháil a dhéanamh ar na luachanna atá á moladh ag an éagsúlacht mhór foinsí agus traidisiún a chastar orthu. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• cumas chun dialóg éifeachtach a dhéanamh le traidisiúin dlíthiúla agus reiligiúnacha.<br><br>• feasacht ar pheirspictíocht reiligiúnach na moráltachta, an pheirspictíocht Chríostaí go háirithe, agus a tionchar ar shochaí na hÉireann san am a caitheadh agus faoi láthair<br><br>• feasacht ar an mbuntomhas morálta a ghabhann le saincheisteanna reatha, agus oscailteacht dó<br><br>• meonta morálta pearsanta. |

## D. CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

| 2. AN MHORÁLTACHT AGUS AN REILIGIÚN | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 An gaol idir an mhoráltacht agus an reiligiún** | • codarsnacht agus comparáid idir an duine reiligiúnach agus an duine morálta<br>• córais eiticiúla a mholtar in dhá thraidisiún seachas an Chríostaíocht<br>• an mhoráltacht ó ré na hEagnaíochta i leith: athruithe ar thuiscint na moráltachta i gcás dhá cheann díobh seo a leanas<br>– moráltacht na sclábhaíochta<br>– moráltacht na cogaíochta<br>– moráltacht an phionóis bháis<br>– moráltacht dúshaothrú leanaí.<br>– | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• a rá cad iad na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí atá idir duine reiligiúnach agus duine morálta<br>• breac-chuntas a thabhairt ar bhunphrionsabail chóras eiticiúil dhá thraidisiún reiligiúnacha neamh-Chríostaí<br>• tráthanna athraithe i bhforbairt na moráltachta ó ré na hEagnaíochta i leith a shainaithint. |
| **2.2 An mhoráltacht agus an traidisiún Críostaí** | • comhthéacs an Chonartha agus na nDeich nAithne.<br>• an fhís eiticiúil a bhain le seanmóireacht Íosa<br>• an coincheap de 'ghaol cóir' agus dlí an ghrá ina chuid seanmóireachta<br>• peirspictíochtaí Críostaí ar an ngaol idir an reiligiún agus an mhoráltacht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas gearr a thabhairt ar chomhthéacs reiligiúnach, sóisialta agus cultúrtha na nDeich nAithne agus an Chonartha<br>• cúig cinn de na heochairphrionsabail san fhís eiticiúil i seanmóireacht Íosa a thabhairt<br>• cuntas a thabhairt ar thuiscint Íosa ar 'ghaol cóir'<br>• cuntas a thabhairt ar thuiscint Íosa ar dhlí an ghrá<br>• peirspictíocht traidisiúin Chríostaí amháin a thabhairt ar an ngaol idir an reiligiún agus an mhoráltacht. |
| **2.3 Peirspictíochtaí reiligiúnacha ar an teip mhorálta** | • na tuiscintí Críostaí ar an bpeaca agus ar an athmhuintearas<br>• peaca pearsanta agus sóisialta agus an gaol eatarthu<br>• coincheap an éagóra struchtúrtha<br>• peirspictíochtaí traidisiúin amháin, nach traidisiún Críostaí é, ar an teip mhorálta | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• an tuiscint ar pheaca agus athmhuintearas i dtraidisiún Críostaí amháin a mhíniú<br>• sainmhíniú a thabhairt ar<br>– an peaca pearsanta<br>– an peaca sóisialta<br>• sampla comhaimseartha a thabhairt den ghaol idir an dá cheann<br>• sainmhíniú ar agus sampla a thabhairt d'éagóir struchtúrtha<br>• traidisiún neamh-Chríostaí amháin a roghnú agus cuntas gairid a thabhairt ar a thuiscint den teip mhorálta<br>• na cosúlachtaí agus na difríochtaí a chur i láthair a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an tuiscint Chríostaí a bhfuil cuntas uirthi thuas. |

## Cuid a trí

# PRIONSABAIL AGUS TEOIRICÍ MORÁLTA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar na bríonna éagsúla atá leis an téarma 'moráltacht'<br><br>• eolach ar na buntomhais eiticiúla i dteagasc Íosa ó Nazarat agus iad sin á n ionchorprú isteach i dteagasc morálta na dtraidisiún Críostaí<br><br>• ar an eolas faoi éagsúlacht teoiricí morálta agus faoi impleachtaí a bhfeidhmithe. | • a aithint gur dlúthchuid den fhás ina n-aosaigh í an fhorbairt phearsanta mhorálta, agus gur gné thábhachtach di is ea forbairt coinsiasa<br><br>• a thuiscint go n éilíonn an aibíocht mhorálta dialóg leanúnach indibhidiúil agus pobail. | • comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir roinnt teoiricí morálta traidisiúnta agus a bhfeidhmiú sa saol nua-aimseartha<br><br>• dul i ngleic leis an bpróiseas forbartha coinsiasa<br><br>• sainaithint agus luacháil a dhéanamh ar luachanna atá á moladh ag foinsí agus traidisiúin éagsúla a gcastar orthu. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas ar dháiríreacht thasc an chinnidh mhorálta don aosach sa tsochaí<br><br>• feasacht ar an mbuntomhas morálta a ghabhann le saincheisteanna reatha, agus oscailteacht dó. |

## D. CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

| 3. PRIONSABAIL AGUS TEOIRICÍ MORÁLTA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 An mhoráltacht i sochaí iolraíoch** | • samplaí agus foinsí coinbhleachta agus díospóireachta morálta<br>• an bunúsachas agus an choibhneasacht ina n urchomhaireachtaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shampla chomhaimseartha a thabhairt den choinbhleacht morálta agus foinse na coinbhleachta a shainaithint i ngach sampla<br>• an bunúsachas a shainmhíniú agus dhá shampla chomhaimseartha a thabhairt<br>• an choibhneasacht a shainmhíniú agus dhá shampla chomhaimseartha a thabhairt. |
| **3.1 Teoiricí morálta i mbun gnímh** | • samplaí de roghanna morálta ar léiriú iad ar thrí cinn díobh seo a leanas:<br>– an héadónachas<br>– an fóntachas<br>– eiticí suáilcí<br>– eiticí dualeolaíocha<br>– eiticí teileolaíocha<br>– peirspictíochtaí nua-aimseartha ar an dlí nádúrtha<br>– an gaol cóir<br>– cur síos gairid ar gach ceann de na trí fealsúnachtaí/teoiricí morálta sin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• an bun-treoirphrionsabal agus rogha morálta á dhéanamh a chur i bhfoirm ceiste nó ráitis i gcás trí cinn díobh seo a leanas:<br>– an héadónachas<br>– an fóntachas<br>– eiticí suáilcí<br>– eiticí dualeolaíocha<br>– eiticí teileolaíocha<br>– peirspictíochtaí nua-aimseartha ar an dlí nádúrtha<br>– an gaol cóir<br>– cur síos gairid a scríobh ar gach ceann de na trí fealsúnachtaí/ teoiricí morálta sin. |

### Cuid a ceathair

# AN FORÁS MORÁLTA

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar na bríonna éagsúla atá leis an téarma 'moráltacht'<br>• eolach ar bhuntomhais eiticiúla theagaisc Íosa ó Nazarat agus iad sin á n ionchorprú isteach i dteagasc morálta na dtraidisiún Críostaí<br>• ar an eolas faoi éagsúlacht teoiricí morálta agus faoi impleachtaí a bhfeidhmithe. | • feasach go dtagann peirspictíocht reiligiúnach ar an moráltacht chun cinn ó thraidisiún agus ó chreidimh gach traidisiúin reiligiúnaigh ar leith<br>• a thuiscint go mbaineann impleachtaí pearsanta, sóisialta agus struchtúrtha le peaca – an teip mhorálta i bpeirspictíocht an traidisiúin Chríostaí de<br>• a aithint gur dlúthchuid den fhás ina n-aosaigh í an fhorbairt phearsanta mhorálta, agus gur gné thábhachtach di is ea forbairt coinsiasa<br>• a thuiscint go n éilíonn an aibíocht mhorálta dialóg leanúnach indibhidiúil agus pobail. | • comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir roinnt teoiricí morálta traidisiúnta agus a bhfeidhmiú sa saol nua-aimseartha<br>• dul i ngleic le próiseas forbartha an choinsiasa<br>• sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar luachanna atá á moladh ag foinsí agus traidisiúin éagsúla a mbuailtear leo. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas ar dháiríreacht thasc an chinnidh mhorálta don aosach sa tsochaí<br>• cumas chun dialóg éifeachtach a dhéanamh le traidisiúin dlíthiúla agus reiligiúnacha<br>• feasacht ar pheirspictíocht reiligiúnach na moráltachta, an pheirspictíocht Chríostaí go háirithe, agus ar a tionchar ar shochaí na hÉireann san am a caitheadh agus faoi láthair<br>• feasacht ar an mbuntomhas morálta a ghabhann le saincheisteanna reatha, agus oscailteacht dó. |

## D. CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

| 4. AN FORÁS MORÁLTA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **4.1 I dtreo na haibíochta morálta** | • fás na moráltachta ó aois an pháiste go haosacht<br>• foinsí prionsabal morálta: an teaghlach, comhaltaí, an cultúr, na meáin, an reiligiún, an spioradáltacht, srl.<br>• saincheist na saoirse.<br>• an bhrí atá le suáilce<br>• ó phrionsabail go gníomhú: freagracht mhorálta phearsanta | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• duine ar teoiricí morálta é/í a ainmniú agus cuntas a thabhairt ar na céimeanna san fhorbairt mhorálta phearsanta a chuirtear i láthair ina chuid/ina cuid teoiricí<br>• eochairfhoinsí na bprionsabal morálta a thabhairt agus míniú ar an gcaoi is féidir leo dul i bhfeidhm ar an gcinneadh morálta<br>• cur síos ar a bhfuil i gceist le 'saoirse mhorálta'.<br>• dhá shampla de shuáilcí a thabhairt agus a léiriú conas is féidir iad a chur i bhfeidhm i suíomh comhaimseartha<br>• cur síos ar shaintréithe duine a bheadh lánfhásta ó thaobh na moráltachta de. |
| **4.2 An coinsias** | • cad is coinsias ann?<br>• conas a dhéantar an coinsias a fhorbairt?<br>• cad is coinsias eolach ann?<br>• ról an reiligiúin agus an coinsias á chur ar an eolas<br>• easpa coinsiasa<br>• an coinsias i mbun gnímh<br>– an gaol idir an coinsias agus an t údarás reiligiúnach<br>– an gaol idir an coinsias agus an t údarás sibhialta. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá chuntas difrúla ar an gcoinsias a thabhairt<br>• cur síos ar fhorbairt an choinsiasa<br>• sainmhíniú ar 'choinsias eolach' a thabhairt, agus sainaithint ar na bealaí ina gcuireann daoine a gcoinsias ar an eolas agus a ndéanann siad luacháil ar an ngá leis é seo a dhéanamh<br>• míniú a thabhairt ar ról an reiligiúin agus an coinsias á chur ar an eolas<br>• míniú a thabhairt ar na difríochtaí idir neamhaibíocht dhímhorálta, mhímhorálta agus mhorálta<br>• léiriú a dhéanamh ar an difríocht a d'fhéadfadh a bheith idir éilimh an choinsiasa, an údaráis reiligiúnaigh agus an údaráis shibhialta le saincheist ón gcomhthéacs comhaimseartha. |

## D. CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

### 4. AN FORÁS MORÁLTA

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **4.3 I mbun cinneadh a dhéanamh** | • próiseas an chinnidh mhorálta.<br><br>Sampla AMHÁIN le roghnú ag daltaí GL.<br>DHÁ shampla le roghnú ag daltaí ÁL.<br><br>Féadfar samplaí a roghnú ón liosta seo:<br>– ceisteanna polaitíochta agus eacnamaíochta<br>– buntomhas morálta gaolmhaireachtaí agus na collaíochta<br>– saincheisteanna faoi eiticí leighis<br>– foréigean agus cogaíocht<br>– coireanna agus pionós<br><br>• roghanna morálta agus anailís ar a gcuid torthaí féideartha<br><br>• an dialóg idir thraidisiúin reiligiúnacha, an dlí sibhialta, agus an coinsias pearsanta sna samplaí sin<br><br>• éagsúlacht na dteoiricí morálta in 3.2 a chur i bhfeidhm ar an dá shampla a roghnaíodh. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• próiseas a mholadh a leanfadh duine lánaibí morálta agus cinneadh morálta tábhachtach le déanamh aige/aici<br><br>• sampla amháin/ dhá shampla a roghnú ón liosta seo, agus próiseas an chinnidh a chur i bhfeidhm:<br>– ceisteanna polaitíochta agus eacnamaíochta<br>– buntomhais mhorálta gaolmhaireachtaí agus na collaíochta<br>– saincheisteanna faoi eiticí leighis<br>– foréigean agus cogaíocht<br>– coireanna agus pionós<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar sheasamh dhá thraidisiún reiligiúnacha ar an tsaincheist/na saincheisteanna seo<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar an dlí sibhialta maidir leis an tsaincheist/na saincheisteanna seo<br><br>• na gnéithe coinsiasa a liostú a mbeadh tionchar acu ar chinneadh duine<br><br>• na torthaí difriúla féideartha a léiriú a d'fhéadfadh duine lánaibí morálta teacht orthu<br><br>• na fáthanna leis na difríochtaí sin a mhíniú<br><br>• i gcás trí cinn de na teoiricí morálta in 3.2, gach ceann díobh a chur i bhfeidhm ar cheann amháin de na samplaí thuas, agus na torthaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar gach ceann de na teoiricí sin a léiriú. |

# ROINN E

# AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

**Aidhmeanna**

1. **Eolas agus tuiscint a fhorbairt ar ról na hinscne san eispéireas agus sa traidisiún reiligiúnach.**

2. **An gaol idir rólanna inscne i sochaithe agus i reiligiúin a iniúchadh, sna traidisiúin Chríostaí go háirithe.**

3. **Tuiscint a fhorbairt ar chion sainiúil na mban i bhforbairt na dtraidisiún reiligiúnach.**

**Cuid a haon**

# AN INSCNE, AN tSOCHAÍ AGUS AN REILIGIÚN

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • feasach ar rólanna na mban agus na bhfear i bpeirspictíocht traidisiún reiligiúnach éagsúil, agus an ceangal idir íomhánna Dé agus tuiscintí ar na rólanna sin. | • tábhacht na hinscne don eispéireas pearsanta, sóisialta agus reiligiúnach sa tsochaí chomhaimseartha a thuiscint<br><br>• nádúr dinimiciúil rólanna inscne a thuiscint. | • rianú a dhéanamh ar fhorbairt ról agus tuiscint na hinscne i dtraidisiúin reiligiúnacha i gcaitheamh na n aoiseanna, agus sna traidisiúin Chríostaí go háirithe<br><br>• naisc a aithint idir rólanna na mban agus na bhfear sa tsochaí agus a gcuid rólanna i dtraidisiúin reiligiúnacha. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• feasacht chriticiúil ar na difríochtaí cleachtais idir roinnt de na traidisiúin reiligiúnacha maidir le rólanna inscne. |

## E. AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

### 1. AN INSCNE, AN tSOCHAÍ AGUS REILIGIÚN

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 An inscne agus an tsochaí** | • bríonna atá le hinscne: sa bhitheolaíocht, sa tsocheolaíocht agus sa tsíceolaíocht<br>• anailís chomparáideach ar na hathruithe ar rólanna na bhfear agus na mban<br>• peirspictíochtaí fealsúnachta, socheolaíochta, bitheolaíochta, agus síceolaíochta in anailís dá leithéid. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• na bríonna atá le hinscne a phlé<br>• cuntas eolach a thabhairt ar na hathruithe ar rólanna na bhfear agus na mban sa tsochaí chomhaimseartha, agus an cuntas sin faoi anáil ag peirspictíochtaí ó dhá cheann díobh seo<br>– an fhealsúnacht<br>– an tsocheolaíocht<br>– an bhitheolaíocht<br>– an tsíceolaíocht. |
| **1.2 Ionad na mban agus na bhfear i dtéacsanna naofa agus i dtraidisiúin bheo na reiligiún difriúil** | • léargas comparáideach ar rólanna na bhfear agus na mban laistigh de dhá mór-reiligiún domhanda difriúla (an Búdachas, an Chríostaíocht, Ioslam, an Hiondúchas, an Giúdachas)<br>• naisc idir íomhánna Dé sna reiligiúin sin agus ionad na mban agus na bhfear ina gcuid traidisiún agus adhartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• comparáid a chur i láthair ar rólanna inscne in dhá reiligiún domhanda difriúla ainmnithe<br>• ceangal a dhéanamh idir na rólanna inscne agus na híomhánna Dé/íomhánna na tarchéimnitheachta a bhaineann le gach reiligiún domhanda ar leith, agus sampla amháin den ghaol sin i ngach ceann díobh a thabhairt. |

## Cuid a dó

# CÚRSAÍ INSCNE AGUS AN CHRÍOSTAÍOCHT

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • feasach ar rólanna na mban agus na bhfear i bpeirspictíocht traidisiún reiligiúnach éagsúil agus ar an gceangal idir íomhánna Dé agus tuiscintí ar na rólanna sin.<br><br>• eolach ar na cuntais sna scrioptúir Chríostaí ar na teagmhálacha a bhí ag Íosa le mná, agus ar ionad na mban sna luathphobail Chríostaí. | • tábhacht na hinscne don eispéireas pearsanta, sóisialta agus reiligiúnach sa tsochaí chomhaimseartha a thuiscint<br><br>• feasach ar ionad na bhfear agus na mban sna scrioptúir Eabhracha agus Críostaí<br><br>• impleachtaí buanchruthanna gnéis don fhorbairt iomlán daonna agus sóisialta a thuiscint. | • forbairt ról agus tuiscint na hinscne sna traidisiúin reiligiúnacha a rianú in imeacht na n aoiseanna, agus sa traidisiún Críostaí go háirithe<br><br>• naisc a aithint idir rólanna na mban agus na bhfear sa tsochaí agus a gcuid rólanna sna traidisiúin reiligiúnacha<br><br>• na rólanna seo a anailísiú ag baint úsáide as na físeanna a bhfuil cuntas orthu sa scrioptúr, agus coincheapa na cothroime agus na córa. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• feasacht chriticiúil ar na difríochtaí cleachtais idir roinnt de na traidisiúin reiligiúnacha maidir le rólanna inscne<br><br>• tuiscint don dúshlán a bhaineann le buanchruthanna a chur go leataobh. |

## E. AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

### 2. CÚRSAÍ INSCNE AGUS AN CHRÍOSTAÍOCHT

Ceann amháin le roghnú as 2.1, 2.2, 2.3 nó 2.4

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **2.1 Mná agus fir sna scrioptúir Eabhracha** | • ról na bhfear agus ról na mban sna scrioptúir Eabhracha<br><br>• íomhánna inscnithe Dé sna scrioptúir Eabhracha<br><br>• ról na mban agus na bhfear i stair an tslánaithe a chuirtear i láthair sna scrioptúir sin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• próifíl a sholáthar de bheirt bhan sna scrioptúir Eabhracha i dtéarmaí<br>– a mbeathaisnéise<br>– a gcuid saintréithe<br>– a n-ionad i stair an chreidimh nó an tslánaithe<br><br>• próifíl a sholáthar de bheirt fhear sna scrioptúir Eabhracha i dtéarmaí<br>– a mbeathaisnéise<br>– a gcuid saintréithe<br>– a n-ionad i stair an chreidimh nó an tslánaithe<br><br>• comparáid a dhéanamh idir an dá ghrúpa<br><br>• cuntas a thabhairt ar dhá íomhá inscnithe de Dhia sna scrioptúir Eabhracha<br><br>• plé a dhéanamh ar ghaolmhaireachtaí féideartha idir rólanna na hinscne in íomhánna Dé agus sna mná agus sna fir a cuireadh i láthair sna scrioptúir. |
| **2.2 Mná agus fir sna Scrioptúir Chríostaí** | • na teagmhálacha a bhí ag Íosa le mná sna soiscéil<br><br>• ciall na dteagmhálacha sin ag an am agus do thraidisiúin Chríostaí sa lá inniu<br><br>• mar a chuirtear mná agus fir i láthair sna Gníomhartha nó i litreacha Phóil. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cur síos ar dhá theagmháil a bhí ag Íosa le mná sna soiscéil. I gcás gach teagmhála díobh<br>– an scéal a athinsint<br>– ciall na teagmhála ag an am a mhíniú<br>– ábharthacht an scéil inniu do dhíospóireachtaí faoin inscne a phlé<br><br>• cuntas a thabhairt ar na rólanna a leagadh ar mhná agus ar fhir i gceann de na luathphobail Chríostaí de réir na gcuntas sna Gníomhartha nó i litreacha Naomh Póil. |

## E. AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

| 2. CÚRSAÍ INSCNE AGUS AN CHRÍOSTAÍOCHT<br>Ceann amháin le roghnú as 2.1, 2.2, 2.3 nó 2.4 | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.3 Athrú ar na peirspictíochtaí de Mhuire, máthair Íosa** | • mar a chuirtear Muire i láthair sna soiscéil<br><br>• Muire á cur i lathair i dtraidisiún Críostaí agus tionchar an chuir i láthair sin ar ról na bhfear agus na mban sa traidisiún sin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• próifíl Mhuire a thabhairt, de réir an chuir i láthair sna soiscéil<br><br>• léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear Muire i láthair i dtraidisiún Críostaí amháin agus sampla a lua ina bhfuil an dearcadh sin ar Mhuire ag freagairt do ról na bhfear agus na mban sa traidisiún sin |
| **2.4 Peirspictíochtaí inscne ar an gcumasú agus ar an eisiamh** | • eispéiris ar an eisiamh agus an leatrom sa reiligiún de thoradh inscne<br><br>• eispéiris ar an gcumasú agus an tsaoirse sa reiligiún de thoradh inscne. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cuntas a chur i láthair ar dhuine nó ar ghrúpa a fuair taithí an eisiaimh nó an leatroim sa reiligiún toisc cúrsaí inscne<br><br>• cuntas a chur i láthair ar dhuine nó ar ghrúpa a fuair cumasú nó saoirse sa reiligiún de thoradh inscne. |

## Cuid a trí

# SCÉALTA BAN

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • cur síos ar a bhfuil déanta ag mná áirithe ar son fhorbairt na dtraidisiún reiligiúnach agus spioradálta. | • na peirspictíochtaí ar leith a ghabhann le diagachtaí agus spioradáltachtaí feimineacha a thuiscint. | • sainaithint a dhéanamh ar rólanna atá ag teacht chun cinn do mhná agus d'fhir laistigh de thraidisiúin reiligiúnacha. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas ar chion na mban agus na bhfear ar son traidisiún reiligiúnach agus spioradálta<br>• meas do shaincheisteanna an chomhionannais inscne. |

## E. AN REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

| 3. SCÉALTA BAN | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 Diagachtaí agus spioradáltachtaí feimineacha** | • saintréithe diagachtaí feimineacha<br><br>• an gaol idir diagachtaí feimineacha agus na traidisiúin Chríostaí<br><br>NÓ<br><br>• spioradáltachtaí feimineacha: forbairt agus saintréithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• trí shaintréith a thabhairt de dhiagachtaí a dtugtar 'diagachtaí feimineacha' orthu go ginearálta<br><br>• cuntas a thabhairt ar an ngaol idir na leaganacha sin den diagacht agus traidisiúin na Críostaíochta<br><br>NÓ<br><br>• trí shaintréith a thabhairt de spioradáltachtaí a dtugtar 'spioradáltachtaí feimineacha' orthu de ghnáth agus breac-chuntas a thabhairt ar bhunús na leaganacha sin den spioradáltacht. |
| **3.2 Saothar na mban**<br><br>**Staidéar le déanamh as ceann ar bith de na cheithre catagóirí don ghnáthleibhéal a, b, c nó d.**<br><br>**Staidéar le déanamh ar bheirt bhean ceann amháin as aon dhá cheann de a, b, c nó d.** | a. Mná sa traidisún spioradálta: saothar na smaointeoirí agus na scríbhneoirí ban.<br><br>b. Mná agus an ceannas: bunaitheoirí agus leasaitheoirí ord agus comhluadar reiligiúnach.<br><br>c. Mná mar leasaitheoirí sóisialta, agus béim ar leith ar an ngaol idir an creideamh pearsanta agus an gealltanas sóisialta.<br><br>d. Scríbhneoirí reiligiúnacha ban sa lá inniu.<br><br>Staidéar le déanamh ar thionchar agus ar shaothar na mban ar son a gcuid traidisiún reiligiúnach faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>• beathaisnéis, eochairléargas/eochairghnímh, fís chreidimh/gealltanas creidimh<br>• gaol na mná le cultúr a linne<br>• saothar na mná i leith an chomhthéacs chultúrtha, an traidisiúin eaglasta/ reiligiúnaigh<br>• tionchar leanúnach de léargais, shaol agus obair na mná<br>• ceisteanna a thagann chun cinn do shochaí agus do reiligiún an lae inniu de thoradh a saoil agus a cuid oibre. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• próifíl le mionsonraí faoi bhean amháin (GL)/ faoi bheirt bhan (AL) a chur i láthair, ina mbeidh<br>– beathaisnéis, eochairléargas/eochairghnímh, fís/ gealltanas creidimh<br>– gaol na mná le cultúr a linne<br>– saothar na mná i leith an chomhthéacs chultúrtha, an traidisiúin eaglasta/reiligiúnaigh<br>– tionchar leanúnach de léargais, shaol agus obair na mná<br>– ceisteanna a thagann chun cinn do shochaí agus do reiligiún an lae inniu de thoradh a saoil agus a cuid oibre.<br><br>• cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an bheirt bhan agus mínithe féideartha orthu a thairiscint. |

# ROINN F

# SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

## Aidhmeanna

1. **Prionsabail agus scileanna na hanailíse sóisialta a chur i láthair.**

2. **Feidhmiú na bprionsabal agus na scileanna sin a chothú sa chomhthéacs áitiúil, agus i roinnt comhthéacsanna náisiúnta agus domhanda.**

3. **Sainaithint agus anailís a dhéanamh ar na naisc idir creideamh reiligiúnach agus gealltanas agus gníomhú ar son na córa agus na síochána.**

4. **Iniúchadh a dhéanamh ar an ngaol idir coincheapa na córa agus na síochána, agus ar an dúshlán a bhíonn ann chun an gaol sin a chothú, go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann.**

### Cuid a haon

# AG MACHNAMH AR AN gCOMHTHÉACS

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar bhunphrionsabail agus ar bhunmhodhanna na hanailíse sóisialta<br>• ar an eolas faoi fhadhb an ocrais domhanda/ faoin mbochtaineacht in Éirinn/faoin leatrom in Éirinn. | • a thuiscint go múnlaítear comhthéacsanna indibhidiúla agus pobail trí thosca eacnamaíochta, polaitíochta, cultúrtha agus sóisialta faoi deara an<br>• a aithint go dtagann ceisteanna córa chun cinn uaireanta nuair a dhéantar na tosca sin a scrúdú. | • scileanna na hanailíse sóisialta a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla<br>• torthaí na hanailíse sóisialta a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht i gcomhthéacsanna difriúla. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint do cheisteanna féideartha córa agus síochána i suíomh ar leith<br>• gealltanas chun ceisteanna dá leithéid a ardú nuair is gá<br>• íogaireacht i leith ceisteanna córa i saol pearsanta na ndaltaí agus i saol daoine eile. |

## F. SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

| 1. AG MACHNAMH AR AN gCOMHTHÉACS | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **1.1 An anailís shóisialta** | • machnamh ar chás agus ar chomhthéacs pearsanta an duine féin faoi thionchar tosca ar nós<br>– acmhainní<br>– cumhacht<br>– brí<br>– gaolmhaireachtaí<br>– ceisteanna struchtúir eacnamaíochta, pholaitíochta, chultúrtha agus sóisialta a éiríonn as an suíomh sin a shainaithint. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• na struchtúir eacnamaíochta, pholaitíochta, chultúrtha agus shóisialta is suntasaí a shainaithint laistigh dá gcás agus dá gcomhthéacs féin<br><br>– a théann i bhfeidhm ar an soláthar acmhainní agus ar leithdháileadh acmhainní<br>– a chinntíonn na saghsanna agus na foinsí cumhachta<br>– a mhúnlaíonn eochairghaolmhaireachtaí pearsanta, idirphearsanta, agus eadarphearsanta<br>– a chinntíonn an bhrí agus an luach a leagtar ar dhaoine laistigh dá suíomh agus dá gcomhthéacs. |
| **1.2 An anailís shóisialta i mbun gnímh**<br><br>Ceann amháin díobh seo a leanas le roghnú ag daltaí ghnáthleibhéil.<br><br>Dhá cheann le déanamh ag daltaí ardleibhéil agus beifear ag súil le cur i gcomparáid agus i gcodarsnacht uathusan. | • an fáth a mbíonn daoine ocracha ar domhan: aghaidh a thabhairt ar an gceist sin agus leas á bhaint as cuid de na prionsabail a leagadh amach sa rannóg roimhe seo<br><br>• ceist na bochtaineachta in Éirinn: leas a bhaint as na prionsabail a bhfuil cuntas orthu thuas le sainaithint a dhéanamh ar na saincheisteanna a bhaineann le nádúr agus cúiseanna na bochtaineachta in Éirinn<br><br>• ceist an leatroim in Éirinn: leas a bhaint as na prionsabail a bhfuil cuntas orthu thuas le hiniúchadh a dhéanamh ar shaincheist an leatroim ar bhonn cine, cúlra eitnigh, reiligiúin, míchumais, aicme, nó inscne. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cur síos gearr a thabhairt ar eispéireas an ocrais i dtír amháin agus sainaithint a dhéanamh ar dhá chúis leis an bhfadhb ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach cúis díobh a cheangal le struchtúir eacnamaíochta nó pholaitíochta nó chultúrtha nó shóisialta.<br><br>NÓ<br><br>• sainmhíniú gonta a thairiscint ar bhochtaineacht choibhneasta agus ar dhearbh-bhochtaineacht agus sainaithint a dhéanamh ar ghrúpa amháin daoine in Éirinn atá i mbaol ón mbochtaineacht choibhneasta: dhá thoisc struchtúrtha a dhearbhú a chuireann leis an mbochtaineacht in Éirinn; a léiriú cé mar a théann na tosca sin i bhfeidhm ar an ngrúpa a sainaithníodh thuas<br><br>NÓ<br><br>• saghas amháin leatroim a roghnú agus dhá shampla a thabhairt den tslí a gcuirtear an leatrom sin in iúl in Éirinn: dhá thoisc struchtúrtha a shainaithint, a chuidíonn leis an gcineál sin leatroim. |

**Cuid a dó**

# COINCHEAP NA CÓRA AGUS NA SÍOCHÁNA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • feasach ar na peirspictíochtaí éagsúla ar an gcóir agus ar an tsíocháin<br><br>• ar an eolas faoi phróisis réitigh choinbhleachta<br><br>• feasach ar shaghsanna difriúla foréigin<br><br>• ar an eolas faoi pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an bhforéigean. | • sainaithint a dhéanamh ar an ngaol idir gealltanas do na mórthraidisiúin reiligiúnacha agus gníomh chun an chóir a chur chun cinn | • na naisc idir an chóir agus an tsíocháin, agus an easpa síochána a shainaithint<br><br>• scileanna na hanailíse sóisialta a fheidhmú ar shaincheisteanna na córa agus na síochána<br><br>• na naisc idir creideamh reiligiúnach agus gealltanas don chóir a aithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• oscailteacht do agus meas ar ghrúpaí agus dhaoine aonair a eagraíonn feachtais ar son na córa, ag cur san áireamh iad siúd a eagraíonn feachtais as áitiús reiligiúnach<br><br>• tuiscint do cheisteanna féideartha na córa agus na síochána i suíomh ar leith<br><br>• íogaireacht maidir le saincheisteanna na córa i saol pearsanta na ndaltaí féin agus i saol daoine eile. |

## F. SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

| 2. COINCHEAP NA CÓRA AGUS NA SÍOCHÁNA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 Físeanna den chóir** | • an chóir mar ghaol ceart<br>• an chóir mar dhíoltas<br>• an chóir mar chothrom Féinne<br>• an chóir mar chur chun cinn na cothroime<br>• an chóir mar sheasamh ar son cearta daonna. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• i gcás gach ceann de na cúig thuiscintí ar an gcóir, miniú gonta a thabhairt agus<br>– sainaithint a dhéanamh ar an mbua mór a ghabhann leis<br>– sainaithint a dhéanamh ar an laige mhór a ghabhann leis. |
| **2.2 Físeanna den tsíocháin** | • na naisc idir an chóir agus an tsíocháin<br>• saghsanna síochána<br>• an neamh-fhoréigean ina stíl mhaireachtála agus ina shlí agóide<br>• réiteach coinbhleachtaí: céimeanna i dtógáil na síochána i bpobail áitiúla nó domhanda<br>• an bhrí atá le dialóg agus an ról atá aige i réiteach coinbhleachtaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• an gaol idir an chóir agus an tsíocháin a mhíniú go gonta agus a léiriú<br>• dhá chineál síochána a shainmhíniú agus sampla a thabhairt de gach cineál<br>• idirdhealú idir an neamh-fhoréigean mar stíl mhaireachtála agus an neamh-fhoréigean mar agóid<br>• samhail amháin den réiteach coinbhleachta a chur i láthair agus cuntas gairid a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an tsamhail sin a fheidhmiú i gcás áitiúil nó domhanda amháin<br>• an dialóg a shainmhíniú laistigh de chomhthéacs an réitigh choinbhleachta. |
| **2.3 Peirspictíochtaí reiligiúnacha ar an gcóir agus ar an tsíocháin** | Dhá cheann díobh seo:<br>• an fhís Ghiúdach-Críostaí ar an gcóir<br>• Zakat Ioslaim<br>• ceithre Varna an Hiondúchais<br>• conair ochtfhillte an Bhúdachais. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas a thabhairt ar dhá cheann díobh seo a leanas, ag tagairt d'fhoinse/do scrioptúr amháin, agus do shampla amháin den teagasc reatha/den smaointeoireacht reatha:<br>– an fís Ghiúdach-Chríostaí ar an gcóir<br>– Zakat Ioslaim<br>– ceithre Varna an Hiondúchais<br>– conair ochtfhillte an Bhúdachais. |
| **2.4 Foréigean** | • an foréigean pearsanta agus struchtúrtha<br>• traidisiún 'an chogaidh chóir'<br>• dlisteanú an fhoréigin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• breac-chuntas a thabhairt ar dhá chúis le foréigean pearsanta agus le foréigean struchtúrtha agus ar dhá thoradh orthu<br>• sainaithint a dhéanamh ar eochairphrionsabail na teoirice faoin 'gcogadh cóir'<br>• an teoiric a léiriú trína cur i bhfeidhm ar shampla amháin de choinbhleacht comhaimseartha<br>• i gcás sampla amháin den fhoréigean pearsanta agus sampla amháin den fhoréigean struchtúrtha, a léiriú conas a d'fhéadfadh duine an foréigean sin a dhlisteanú. |

**Cuid a trí**

# AN RIACHTANAS REILIGIÚNACH DON GHNÍOMHÚ AR SON NA CÓRA AGUS NA SÍOCHÁNA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • feasach ar éagsúlacht peirspictíochtaí ar an gcóir agus ar an tsíocháin. | • sainaithint a dhéanamh ar an ngaol idir gealltanas do na mórthraidisiúin reiligiúnacha, agus gníomhú ar son na córa<br><br>• tuiscint acu go dtugann na géarchéimeanna reatha timpeallachta ar go leor creidmheach reiligiúnach gníomhú agus dul i mbun feachtas ar son saincheisteanna timpeallachta. | • na naisc a aimsiú idir an chóir agus an tsíocháin, agus an easpa síochána<br><br>• na naisc a aithint idir an creideamh reiligiúnach agus gealltanas don chóir. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• oscailteacht do agus meas ar ghrúpaí agus dhaoine aonair a eagraíonn feachtais ar son na córa, ag cur san áireamh iad siúd a eagraíonn feachtais as áitiús reiligiúnach<br><br>• tuiscint do cheisteanna féideartha na córa agus na síochána i suíomh ar leith<br><br>• íogaireacht i leith saincheisteanna córa i saol pearsanta na ndaltaí féin agus i saol daoine eile. |

## F. SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

| 3. AN RIACHTANAS REILIGIÚNACH DON GHNÍOMHÚ AR SON NA CÓRA AGUS NA SÍOCHÁNA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 An reiligiún agus an timpeallacht** | • an bunús atá le 'glasú' an reiligiúin<br>• tráchtaire reiligiúin agus na timpeallachta<br>– beathaisnéis ghearr a léireodh an tslí a d'fhás a spéis sa téama seo<br>– achoimre ar na príomhsmaointe<br>• grúpa/eagraíocht reiligiúnach agus gealltanas don timpeallacht nó stíl mhaireachtála i leith na timpeallachta acu. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le 'glasú' reiligiúin<br>• trí thoisc a lua a chuidigh leis an bpróiseas glasaithe sin<br>• i gcás tráchtaire amháin ar an reiligiún agus an timpeallacht<br>– beathaisnéis ghearr a thabhairt uirthi/air<br>– achoimre a thabhairt ar na príomhsmaointe atá aici/aige<br>• grúpa/eagraíocht reiligiúnach a ainmniú a bhfuil stíl mhaireachtála i leith na timpeallachta acu agus a mhíniú conas a théann a gcuid creideamh reiligiúnach i bhfeidhm ar an stíl mhaireachtála sin. |
| **3.2 Traidisiúin reiligiúnacha agus an timpeallacht** | • coincheapa Giúdacha: an tSabóid, Schmittah, agus an Iubhaile<br>• téacsanna an chruthaithe in Geineasas agus coincheapa na maoirseachta agus an fhorlámhais<br>• iarmhairtí na léirmhínithe sin don domhan agus do ghéarchéimeanna timpeallachta<br>• cúig phrionsabal an Bhúda agus a gcuid impleachtaí do lucht leanúna an Bhúdachais<br>• leasríthe an domhain – teagasc Ioslaim faoin timpeallacht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar choincheapa Giúdacha na Sabóide, Schmittah, agus na hIubhaile, agus i gcás gach ceann díobh an gaol atá aige le géarchéim timpeallachta reatha amháin<br>• ceangal a dhéanamh idir coincheapa na maoirseachta agus an fhorlámhais mar a fhaightear i dtéacsanna an chruthaithe iad agus géarchéim timpeallachta reatha amháin<br>• cúig phrionsabal an Bhúda a mhíniú agus a léiriú cé mar a chuirtear gach ceann díobh ag obair i stíl mhaireachtála Bhúdaithe an lae inniu<br>• míniú a thabhairt ar choincheap leasrí an domhain mar a fhaightear in Ioslam é agus a thionchar ar dhá ghné den stíl mhaireachtála Ioslamach a léiriú. |

# ROINN G

# ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

## Aidhmeanna

1. **Eolas ar ghné spioradálta an tsaoil daonna a fhorbairt.**
2. **Iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na slite a gcuirtear an ghné spioradálta sin in iúl i gcultúir agus i gcomhthéacsanna éagsúla.**
3. **Scrúdú a dhéanamh ar roinnt de na patrúin deasghnátha agus adhartha a ghabhann le reiligiúin, agus béim ar leith ar na traidisiúin Chríostaí.**
4. **Tionchar na bpatrún sin ar shochaí agus ar chultúr na hÉireann a anailísiú agus a luacháil.**
5. **Oscailteacht a chothú i leith forbairt spioradálta pearsanta.**

## Cuid a haon

# SIOMBAILÍ, DEASGHNÁTHA AGUS SACRAIMINTÍ

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoi chiall na siombailí agus na ndeasghnáth sa chóras saolta, sa saol reiligiúnach agus san adhradh<br><br>• eolach ar na próisis déanta siombailí. | • a thuiscint gur saintréith den eiseadh daonna é cumas an duine é/í féin a chur in iúl, agus cumarsáid a dhéanamh, le cuidiú siombailí<br><br>• a aithint gurb é atá i ndéanamh siombailí ná bealach leis an eispéireas daonna a léirmhíniú agus leis an léirmhíniú sin a chur in iúl<br><br>• feasach gur cuid den saol daonna iad deasghnátha agus adhradh ón ré ársa i leith, agus go bhfuil páirt thábhachtach acu i gcónaí i saol cuid mhór daoine<br><br>• feasach ar thábhacht agus ar bhrí sacraiminte san adhradh agus sa cheiliúradh i gcuid de na traidisiúin Chríostaí. | • naisc a chruthú idir phatrúin adhartha na dtraidisiún reiligiúnach éagsúil<br><br>• siombailí saolta agus reiligiúnacha a aithint, a rangú, agus dialóg a dhéanamh leo. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint chriticiúil do chumhacht na siombailí a úsáidtear i gcomhthéacsanna reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha. |

## G. ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

### 1. SIOMBAILÍ, DEASGHNÁTHA AGUS SACRAIMINTÍ

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 Siombailí** | • nádúr siombaile agus an gaol idir an tsiombail agus an t-eispéireas<br>• cineálacha siombailí<br>• daoine daonna ina ndéantóirí siombailí<br>• cumhacht theanga na siombailí<br>– sa tsochaí shaolta<br>– sna traidisiúin reiligiúnacha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar an gcaoi a n oibríonn siombailí agus ar a ngaol leis an eispéireas daonna<br>• trí chineál difriúla siombailí a ainmniú, agus sampla a thabhairt i ngach cás<br>• a thaispeáint gur tréith shainiúil den bheith dhaonna é an cumas siombailí a chruthú<br>• cumhacht siombailí sa tsochaí shaolta chomhaimseartha agus sa reiligiún comhaimseartha a léiriú, agus sampla a thabhairt i ngach cás. |
| **1.2 Deasghnátha** | • an bhrí atá le deasghnátha<br>• cineálacha deasghnáth reiligiúnach<br>• na bríonna pearsanta agus comhchoiteanna le deasghnátha reiligiúnacha<br>• gnéithe dearfacha agus diúltacha an deasghnáthais<br>• deasghnátha reiligiúnacha sa chultúr comhaimseartha<br>• deasghnátha saolta sa chultúr comhaimseartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar an mbrí atá le 'deasghnáth'<br>• dhá chineál dhifriúla deasghnátha a ainmniú, agus sampla a thabhairt i ngach cás<br>• idirdhealú idir na bríonna pearsanta agus comhchoiteanna atá le deasghnátha<br>• 'an deasghnáthas' a mhíniú, agus sampla dearfach amháin agus sampla diúltach amháin den deasghnáthas a thabhairt<br>• sampla de dheasghnáth reiligiúnach sa chultúr comhaimseartha a thabhairt agus a thábhacht do na rannpháirtithe a mhíniú<br>• sampla de dheasghnáth saolta sa chultúr comhaimseartha a thabhairt agus a thábhacht do na rannpháirtithe a mhíniú. |
| **1.3 Sacraimintí** | • an tsacraimint ina coincheap reiligiúnach<br>• an bhrí atá le saicrimint in dhá shainchreideamh Chríostaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar 'sacraimint' agus ar a gaol le deasghnátha agus le siombailí<br>• i gcás dhá shainchreideamh Chríostaí, an bhrí atá le sacraimint dá lucht leanúna a mhíniú<br>• feidhmeanna na siombailí a úsáidtear i ngach sacraimint/ceiliúradh saicrimintiúil a mhíniú. |

## Cuid a dó

# AN URNAÍ

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoi éagsúlacht traidisiún agus comhthéacsanna urnaí<br><br>• eolach ar eochairphearsana agus ar shaintréithe na dtraidisiún mistiúla. | • nádúr an eispéiris reiligiúnaigh a thuiscint<br><br>• feasach gur cuid den saol daonna ón ré ársa i leith iad deasghnátha agus adhradh, agus go bhfuil páirt thábhachtach acu i saol cuid mhór daoine i gcónaí. | • sainaithint a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach, de réir mar is cuí, i roinnt de na teicníochtaí machnaimh agus urnaí a úsáidtear sna mórthraidisiúin reiligiúnacha. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas ar thraidisiúin urnaí agus adhartha na mórthraidisiún reiligiúnach<br><br>• tuiscint do thábhacht na hurnaí i saol an té a bhfuil creideamh aige/aici, agus ina g(h)aol le dia/leis an tarchéimnitheacht. |

## G. ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

| 2. URNAÍ | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 An gá atá le machnamh** | • an gá le machnamh ar eispéireas<br>• an machnamh sa saol daonna, go háirithe i saol an duine óig<br>• an gá, agus an poitéinseal, atá le machnamh agus leis an tsamhlaíocht<br>• saintréithe an eispéiris reiligiúnaigh. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar thábhacht an mhachnamh sa saol daonna, agus trí chúis a thabhairt ar thábhacht ar leith a bheith leis i saol duine óig<br>• míniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist leis an téarma 'eispéireas reiligiúnach'<br>• cur síos ar shaintréithe an eispéiris reiligiúnaigh |
| **2.2 An duine daonna ina phaidreoir** | • samplaí den bheith daonna ina phaidreoir<br>• an urnaí agus an gaol le dia<br>• coincheap an adhartha agus eispéireas an uamhain. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• sampla de dhaoine ag urnaí a thabhairt a léiríonn<br>– an traidisiún reiligiúnach lena mbaineann an urnaí<br>– an cultúr lena mbaineann an urnaí<br>– an gaol idir an urnaí agus an saol<br>• cur síos, agus cruthúnas a úsáid ó dhá thraidisiún reiligiúnacha, ar thábhacht na hurnaí i ngaol le Dia/leis an tarchéimnitheacht<br>• míniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le 'hadhradh'<br>• cur síos ar thábhacht eispéireas an uamhain don rannpháirtíocht in adhradh. |
| **2.3 Comhthéacsanna urnaí** | • spásanna agus amanna naofa<br>• leaganacha príobháideacha agus comhchoiteanna na hurnaí<br>• áiteanna urnaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shampla a thabhairt – ó thraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla – de spás naofa, agus na gnéithe a liostú a deir gur spás naofa é.<br>• dhá shampla a thabhairt – ó thraidisiúin reiligiúnacha dhifriúla – d'am naofa, agus na gnéithe a liostú a deir gur am naofa é.<br>• na difríochtaí idir leaganacha príobháideacha na hurnaí agus leaganacha comhchoiteanna na hurnaí a mhíniú. |

## G. ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

| 2. URNAÍ | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.4 Traidisiún na hurnaí** | • samplaí de phaidreacha traidisiúnta a bhaineann leis na traidisiúin Chríostaí<br><br>• bunús agus brí na bpaidreacha sin<br><br>• samplaí de shaghsanna urnaí ó éagsúlacht traidisiún reiligiúnach eile. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• sampla a thabhairt de phaidir fhoirmiúil ó na traidisiúin Chríostaí, agus i ngach cás<br><br>– a mhíniú cathain a úsáidtear an phaidir sin de ghnáth<br>– a mhíniú conas a tháinig ann don phaidir agus cad í an fhorbairt atá déanta uirthi<br>– paidir fhoirmiúil a roghnú ón traidisiún Búdaíoch, Giúdach, Hiondúch nó Ioslamach agus comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir í agus an phaidir Chríostaí. |

## Cuid a trí

# MACHNAMH AGUS RINNFHEITHEAMH

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoi éagsúlacht traidisiún agus comhthéacsanna urnaí<br><br>• eolach ar eochairphearsana agus ar eochairshaintréithe na dtraidisiún mistiúil. | • nádúr an eispéiris reiligiúnaigh a thuiscint<br><br>• machnamh Búdaíoch agus Críostaí a thuiscint. | • anailís a dhéanamh ar fhoirmeacha agus léirithe difriúla adhartha<br><br>• sainaithint a dhéanamh agus bheith rannpháirteach, de réir mar is cuí, i roinnt de na teicníochtaí machnaimh agus urnaí a úsáidtear sna mórthraidisiúin reiligiúnacha.<br><br>• idirdhealú idir chineálacha eispéiris reiligiúnaigh. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• meas ar thraidisiúin urnaí agus adhartha na mórthraidisiún reiligiúnach<br><br>• tuiscint do thábhacht na hurnaí i saol an duine a bhfuil creideamh aige/aici, agus ina g(h)aol le dia/leis an tarchéimnitheacht. |

## G. ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

| 3. MACHNAMH AGUS RINNFHEITHEAMH | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 Machnamh** | • ionad an mhachnaimh in dhá mhór-reiligiún domhanda<br>• bunús agus forbairt teicníochtaí machnaimh<br>• téacsanna naofa agus inspioráide in úsáid sa mhachnamh<br>• úsáid mantra sa mhachnamh<br>• an machnamh Búdaíoch ina eispéireas folmhaithe<br>• an machnamh Críostaí ina eispéireas teagmhála. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar an téarma 'machnamh' agus cuntas a thabhairt ar thábhacht an mhachnaimh in urnaí agus in adhradh dhá mhórthraidisiún reiligiúnacha<br>• i gcás machnaimh le mantra agus i gcás machnaimh le téacs naofa:<br>– bunús na foirme sin a mhíniú<br>– a mhíniú cé mar a úsáidtear é san urnaí comhaimseartha<br>• comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na traidisiúin mhachnaimh Bhúdaíocha agus Chríostaí |
| **3.2 Na traidisiúin rinnfheithimh** | • bunús agus forbairt roinnt traidisiún rinnfheithimh<br>• roinnt léirithe nua-aimseartha den traidisiún sin<br>• an díthreabh, an oilithreacht, poustinia, agus an cúrsa spioradálta: samplaí de na traidisiúin sin, sa chomhthéacs nua-aimseartha go háirithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• i gcás traidisiúin rinnfheithimh amháin<br>– cuntas a thabhairt ar bhunús an traidisiúin<br>– míniú a thabhairt ar an gcaoi ar fhorbair an fhoirm chomhaimseartha de<br>• míniú ar théarmaí: an díthreabh, poustinia, an oilithreacht, agus an cúrsa spioradálta, i gcás dhá cheann díobh seo<br>– bunús an traidisiúin a mhíniú<br>– sampla amháin a ainmniú agus cur síos ar an tábhacht atá leis<br>– plé a dhéanamh faoin bhfáth a mbíonn tóir ag an bpobal ar an traidisiún áirithe sin i gcónaí. |
| **3.3 An traidisiún misteach** | • saintréithe na dtraidisiún misteach<br>• na saintréithe sin á léiriú i saol agus i saothair bheirt mhisteach | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar an téarma 'misteach'<br>• na saintréithe a bhaineann leis na traidisiúin mhistiúla a thabhairt<br>• cuntas gairid a thabhairt ar shaol bheirt mhisteach agus ar a gcion sainiúil ar son an traidisiúin mhistiúil. |

# ROINN H

# AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

## Aidhmeanna

1. **Iniúchadh a dhéanamh ar an tslí ar fheidhmigh an Bíobla mar théacs litríochta agus naofa ó cuireadh le chéile é.**

2. **Tionchar an Bhíobla ar an tsochaí chomhaimseartha a scrúdú.**

3. **Scrúdú a dhéanamh ar an tslí a cuireadh an Bíobla le chéile mar théacs.**

4. **Na cineálacha éagsúla litríochta a fhaightear sa Bhíobla a chur i láthair.**

5. **Iniúchadh a dhéanamh ar an tuiscint gurb é an Bíobla Briathar Dé agus gur léiriú é ar an ngaol idir Dia agus an cine daonna.**

**Cuid a haon**

# AN BÍOBLA INA CHLASAIC BHEO AGUS INA THÉACS NAOFA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoin gcaoi ar tharla sé gur scríobhadh an Bíobla. | • a thuiscint go raibh, agus go bhfuil, an Bíobla ina théacs clasaiceach ag sibhialtacht an Iarthair. | • móitífeanna bíobalta a shainaithint san ealaín agus sa litríocht<br>• a sheoladh trí fhormáid agus struchtúr an Bhíobla. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas mór ar an mBíobla mar théacs beo, clasaiceach, naofa<br>• feasacht agus meas ar scríbhinní naofa mórthraidisiún reiligiúnach eile<br>• feasacht ar ionad lárnach an Bhíobla sna traidisiúin Ghiúdach-Críostaí. |

## H. AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

| 1. AN BÍOBLA INA CHLASAIC BHEO AGUS INA THÉACS NAOFA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **1.1 An Bíobla ina chlasaic bheo** | • samplaí de théacsanna clasaiceacha ó fhoinsí éagsúla.<br>• an Bíobla á thástáil mar chlasaic.<br>• tionchar theanga an Bhíobla. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• tréithe théacs chlasaicigh a shainaithint (ceann a aithníodh ar feadh i bhfad mar théacs ar ardchaighdeán, agus a raibh fiúntas dearfa ann dar le go leor daoine)<br>• a aithint gur théacs dá leithéid atá sa Bhíobla<br>• tionchar an Bhíobla a léiriú ar go leor litríochta eile:<br>– an Dearbhú Uilechoiteann um Cearta Daonna<br>– bunreachtanna agus dearbhuithe neamhspleáchais<br>– óráidí cáiliúla<br>• sampla a thabhairt de thionchar an Bhíobla ar shaol indibhidí agus sochaithe<br>• sampla a thabhairt de thionchar an Bhíobla ar shaothar ealaíne nó ceoil. |
| **1.2 An Bíobla ina théacs naofa** | • an Bíobla mar fhoilsiú<br>• foirmiú an chanóin agus tuiscintí ar an gcanóin<br>• léirmhíniú bíobalta sa lá inniu<br>– seandálaíocht<br>– critic atheagair | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• cur síos ar thuiscint daoine áirithe gurb é an Bíobla Briathar Dé, agus faoin gcaoi a dtéann an creideamh sin i bhfeidhm ar a ndearcadh i leith an Bhíobla<br>• cuntas gairid a thabhairt ar an gcaoi ar tháinig ann don chanóin<br>• sampla a thabhairt de shaothar litríochta a fágadh ar lár ón gcanóin<br>• cuntas a thabhairt ar dhá fhionnachtain seandálaíochta agus ar a dtionchar i dtuiscint an Bhíobla<br>• cuntas ginearálta a thabhairt ar thionchar na critice atheagair ar léirmhíniú an Bhíobla. |

## Cuid a dó

# AN TÉACS AGUS AN POBAL

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoin gcaoi ar tharla gur scríobhadh an Bíobla<br><br>• eolach ar an éagsúlacht seánraí liteartha a fhaightear sa Bhíobla. | • feasach go bhfuil an Bíobla comhdhéanta d'éagsúlacht seánraí liteartha agus gur rud tábhachtach é seánra a shainaithint chun an téacs a thuiscint, a léirmhíniú agus a fheidhmiú<br><br>• a aithint go bhfuil meas Briathair Dé ar an téacs seo i measc na dtraidisiún Críostaí. | • roinnt de na seánraí liteartha sa Bhíobla a shainaithint agus idirdhealú eatarthu. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint d'ionad lárnach an Bhíobla sa traidisiún Giúdach-Críostaí. |

## H. AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

### 2. AN TÉACS AGUS AN POBAL

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **2.1 Foirmiú scrioptúir na nEabhrach** | • an traidisiún béil/béaloideas<br>• caomhnú an traidisiúin bhéil/an bhéaloidis agus foirmiú an phobail<br>• forbairt na scríbhneoireachta<br>• na trí chéim in insint na staire<br>– An Torah<br>– Stair Deotranaimí<br>– Stair an Chroiniceora. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• a mhíniú cén fáth a mbíonn tábhacht le scéalta don chine daonna<br>• dhá shampla chomhaimseartha a thabhairt den bhéaloideas<br>• dhá shampla a thabhairt den chaoi a caomhnaíodh traidisiúin bhéil i scrioptúir na nEabhrach<br>• an béaloideas a chur i gcodarsnacht leis an traidisiún scríofa mar bhealach le traidisiúin phobail a chaomhnú<br>• critic atheagair nó traidisiún eagarthóireachta atá taobh thiar de gach céim den insint a shainaithint<br>• sampla a thabhairt de na cineálacha difriúla insinte stairiúla<br>• dhá shaintréith de gach cineál a shainaithint. |
| **2.2 Na Soiscéil** | • an soiscéal ina fhoirm bhéil<br>• an soiscéal ina fhoirm liteartha<br>• foirmiú na gceithre soiscéal<br>• buneolas ar an bhfadhb shionoptach<br>• cosúlachtaí agus éagsúlachtaí sna sionoptaigh<br>• an fhoinse ar a dtugtar 'Q'. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• a aithint gur gá an traidisiún a chaomhnú ar mhaithe le leanúnachas don phobal<br>• dhá shampla a thabhairt den chaoi ar caomhnaíodh traidisiúin bhéil sna soiscéil<br>• idirdhealú idir soiscéal mar insint stairiúil agus soiscéal mar fhianaise leis an gcreideamh<br>• léargas ginearálta a thabhairt ar an gcaoi a foirmíodh na soiscéil faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>– na soiscéalaithe agus a bpobail<br>– éagsúlacht an ábhair sna soiscéil<br>– an eagarthóireacht a rinneadh ar na soiscéil<br>• breac-chuntas a thabhairt ar dhá eochair-shaincheist atá taobh thiar den fhadhb shionoptach<br>• léirmheas a dhéanamh ar dhá réimse cosúlachta idir aon cheann ar bith de na trí shionoptach<br>• léirmheas a dhéanamh ar dhá réimse éagsúlachta idir aon dá cheann ar bith de na trí shionoptach<br>• míniú a thabhairt ar thábhacht 'Q'. |

## Cuid a trí

# LITRÍOCHT AN BHÍOBLA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faion gcaoi ar tharla gur scríobhadh an Bíobla<br>• eolach ar an éagsúlacht seánraí liteartha sa Bhíobla<br>• ar an mioneolas faoi roinnt eochairthéacsanna<br>• feasach ar na naisc intreacha idir foirmiú an Bhiobla agus foirmiú na bpobal Giúdach agus Críostaí. | • feasach go bhfuil an Bíobla comhdhéanta d'éagsúlacht seánraí liteartha agus gur rud tábhachtach é seánra a shainaithint chun an téacs a thuiscint, a léirmhíniú agus a fheidhmiú. | • a sheoladh trí fhormáid agus struchtúr an Bhíobla<br>• sainaithint agus idirdhealú idir roinnt de na seánraí liteartha a fhaightear sa Bhíobla<br>• roinnt eochairthéacsanna a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas ar an mBíobla mar théacs beo, clasaiceach, naofa<br>• tuiscint d'ionad lárnach an Bhíobla sa traidisiún Giúdach-Críostaí. |

## H. AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

| 3. LITRÍOCHT AN BHÍOBLA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.1 Teanga na scéalaíochta** | • tábhacht na hinsinte i saol pobail<br>• scéal Íóib<br>• parabal ina seánra<br>• na parabail seo a leanas a d'inis Íosa :<br>– Matha 13:1-9 An Síoladóir<br>– Matha 20:1-16 Na hOibrithe san Fhíonghort<br>– Matha 25:1-13 An Deichniúr Maighdean<br>– Lúcas 16:1-13 An Rógaire Maoir. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• plé a dhéanamh ar thábhacht na hinsinte do phobal<br>• Íób a shainaithint mar shampla den scéalaíocht, agus trí léiriú ar an méid sin a thabhairt<br>• cuntas gairid a thabhairt ar struchtúr parabail<br>• cur síos ar chomhthéacs parabail áirithe<br>• a mhíniú cé mar a chuaigh sé i gcion ar an lucht éisteachta bunaidh<br>• a mhíniú cé mar a chuaigh sé i gcion ar na pobail Chríostaí luatha<br>• tuairim a chaitheamh faoi na himpleachtaí do lucht éisteachta comhaimseartha. |
| **3.2 Teanga an mhachnaimh** | • cuspóir agus teanga na filíochta<br>• filíocht Leabhar na Salm. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• na rithimí, an t íomháineachas agus na mothúcháin a bhaineann leis an bhfilíocht a léiriú<br>• tuairim a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil foirm chosúil le fáil i gceann ar bith de na Sailm<br>• cuntas gairid a thabhairt ar na bealaí inar stíl uathúil filíochta iad na Sailm<br>• a léiriú go bhfuil cur amach acu ar cheann ar bith de na Sailm acrastacha<br>• a léiriú go bhfuil cur amach acu ar cheann ar bith de na Sailm chomhthreomharaíocha |
| **3.3 Teanga na siombailí** | • samplaí ón litríocht d'úsáid theanga na siombailí.<br>• an miotas sa Bhíobla.<br>• an eipic sa Bhíobla.<br>• téacsanna apacailipteacha sa Bhíobla. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• dhá shampla a chur i láthair ón litríocht d'úsáid shiombalach teanga<br>• miotas, eipic, agus apacailipsis a mhíniú<br>• samplaí a thabhairt ón litríocht bhíobalta den teanga shiombalach sa mhiotas, in eipic agus san apacailipsis. |

## Cuid a ceathair

# TÉACSANNA BÍOBALTA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • ar an eolas faoin tslí ar tharla gur scríobhadh an Bíobla<br>• eolach ar an éagsúlacht seánraí litríochta a fhaightear sa Bhíobla<br>• eolach ar na naisc intreacha idir foirmiú an Bhíobla agus foirmiú na bpobal Giúdach agus Críostaí<br>• ar an mioneolas faoi eochairthéacsanna áirithe. | • a thuiscint gur téacs clasaiceach é an Bíobla ag sibhialtacht an Iarthair i gcónaí<br>• a aithint go bhfuil meas Briathair Dé ar an téacs seo ag na traidisiúin Chríostaí. | • seoladh trí fhormáid agus struchtúr an Bhíobla<br>• roinnt de na seánraí liteartha a fhaightear sa Bhíobla a shainaithint, agus idirdhealú eatarthu<br>• comparáid agus codarsanacht a dhéanamh idir roinnt eochairthéacsanna. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• meas ar an mBíobla mar théacs beo, clasaiceach, naofa<br>• tuiscint do, agus meas ar, scríbhinní naofa na mórthraidisiún reiligiúnach eile<br>• tuiscint d'ionad lárnach an Bhíobla sa traidisiún Giúdach-Críostaí. |

## H. AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

| 4. TÉACSANNA BÍOBALTA<br>Téacs AMHÁIN ar bith as 4.1 agus téacs AMHÁIN ar bith as 4.2 le déanamh ag daltaí Gnáthleibhéil<br>DHÁ THÉACS ar bith as 4.1 agus DHÁ THÉACS ar bith as 4.2 le déanamh ag daltaí Ardleibhéil | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **4.1 Na scrioptúir Eabhracha** | • Eax. 20:1-21 Na Deich nAithne<br>• 1 Sam. 2:1-10 Laoi Hanná<br>• Ís. 52:13-53:12 Iosrael athbhunaithe | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar na téacsanna seo faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>– an bunchúlra/an bunchomhthéacs<br>– údar/foinse<br>– seánra/tíopa; brí agus tábhacht<br>– an méid a deir sé faoi Dhia agus faoin ngaol idir Dia agus pobal Dé<br>– an tábhacht chomhaimseartha don adhradh. |
| **4.2 An Tiomna Nua** | • Mc. 9:2-13 An Claochlú<br>• Lúc. 6:20-49 An Seanmóir ar an Talamh réidh<br>• Eoin 1:1-18 An Brollach. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar na téacsanna seo faoi na ceannteidil seo a leanas:<br>– an cúlra/an comhthéacs bunaidh<br>– údar/foinse<br>– an seánra/an tíopa; brí agus tábhacht<br>– an méid a deir sé faoi Dhia agus faoin ngaol idir Dia agus pobal Dé<br>– an tábhacht chomhaimseartha don adhradh. |

# Roinn I

# CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

## Aidhmeanna

1. **Eolas agus tuiscint a fhorbairt ar roinnt de shaintréithe an reiligiúin in Éirinn ón ré ársa go dtí an lá inniu.**

2. **Na saintréithe seo a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le treochtaí agus gluaiseachtaí reiligiúnacha san Eoraip agus ar fud an domhain.**

3. **Iniúchadh a dhéanamh ar an leagan den Chríostaíocht a tháinig go hÉirinn agus an tionchar a bhí aige ag eochairthráthanna i stair na hÉireann.**

4. **A bheith ar an eolas faoin iolarthacht traidisiún reiligiúnach a bhí in Éirinn roimhe seo, agus atá ann fós.**

## Cuid a hAon

# PATRÚIN AN ATHRAITHE

### Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • an t athrú ar phatrún an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn sa lá inniu a aithint, agus an patrún seo a chur i gcomhthéacs na hEorpa. | • an éagsúlacht creidimh atá in Éirinn sa lá inniu a thuiscint. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach in Éirinn le linn na ré ársa agus na ré comhaimseartha a shainaithint<br><br>• athruithe ar phatrúin an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn agus san Eoraip a aithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br><br>• tuiscint do, agus meas ar an éagsúlacht traidisiún reiligiúnach agus gluaiseachtaí saolta atá in Éirinn sa lá inniu. |

## I. CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

### 1. PATRÚIN AN ATHRAITHE

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **1.1 Patrúin athraithe ar an gcreideamh reiligiúnach** | • patrúin an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn sa lá inniu<br>• an patrún creidimh reiligiúnaigh atá ag athrú, go háirithe i measc daoine óga go háitiúil agus in Éirinn i gcoitinne<br>• patrún an chreidimh reiligiúnaigh san Eoraip<br>• an dí-eaglaisiú agus an saoltachas<br>• foirmeacha nua reiligiúin in Éirinn – léargas ar na gluaiseachtaí reiligiúnacha nua in Éirinn. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• na príomhthreochtaí creidimh agus cleachtais reiligiúnaigh in Éirinn sa lá inniu a shainaithint<br>• na patrúin chreidimh agus cleachtais reiligiúnaigh a shainaithint i measc daoine óga go háitiúil agus in Éirinn i gcoitinne<br>• a fhéachaint an bhfuil difríocht idir na patrúin áitiúla agus náisiúnta<br>• na príomhthreochtaí creidimh agus cleachtais reiligiúnaigh san Eoraip sa lá inniu a shainaithint<br>• an difríocht idir dí-eaglaisiú agus saoltachas a mhíniú, agus sampla comhaimseartha a thabhairt i ngach cás<br>• gluaiseacht reiligiúnach nua in Éirinn a ainmniú agus cuntas gairid a thabhairt air faoi na ceannteidil seo a leanas: na bunairteagail chreidimh; foirmeacha adhartha; cóid mhorálta. |

**Cuid a dó**

# ÉIRE SA RÉ RÉAMH-CHRÍOSTAÍ

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar an bhfianaise áitiúil nó náisiúnta ar bhunús seanda na reiligiún in Éirinn<br>• feasach ar na saintréithe ar leith a bhain leis an reiligiún in Éirinn roimh agus i ndiaidh Phádraig<br>• forbairt an reiligiúin in Éirinn a rianú trí staidéar a dhéanamh ar eochairthráth nó dhó san fhorbairt sin. | • a thuiscint go bhfuil bunús seanda leis an reiligiún in Éirinn, gur in imeacht na mílte bliain a d'fhorbair sé agus go bhfuil sé ag forbairt i gcónaí<br>• an bhrí atá le 'ionchultúrú', agus ar a thábhacht d'eispéireas an reiligiúin in Éirinn, a thuiscint. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach sa ré ársa in Éirinn, agus sa lá inniu, a shainaithint<br>• a léiriú cé mar a ionchultúraíodh teachtaireacht na Críostaíochta i gcomhthéacs na hÉireann. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint do agus meas ar an éagsúlacht traidisiún reiligiúnach agus gluaiseachtaí saolta atá in Éirinn sa lá inniu. |

# I. CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA HÉIREANN

| 2. ÉIRE SA RÉ RÉAMH-CHRÍOSTAÍ<br>2.1 NÓ 2.2 le déanamh ag na daltaí | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.1 An fhianaise áitiúil** | • fianaise seandálaíochta áitiúil ar chreideamh reiligiúnach roimh aimsir Phádraig<br><br>• an cleachtas deabhóide áitiúil roimh aimsir Phádraig. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• fianaise áitiúil ar reiligiún réamh-Chríostaí in Éirinn a ainmniú<br><br>• cur síos a thabhairt ar na creidimh agus/nó na cleachtais reiligiúnacha a ghabhann leis an bhfianaise seandálaíochta seo<br><br>• cur síos a thabhairt ar aon chleachtais deabhóide áitiúla a d'fhéadfadh dul siar go dtí an aimsir réamh-Chriostaí. Breac-chuntas a thabhairt ar bhunfhoirm na gcleachtas sin agus ar fhoirm an lae inniu, más ann dó. |
| **2.2 An fhianaise náisiúnta** | • fianaise seandálaíochta a bhfuil tábhacht náisiúnta leis<br><br>• fianaise liteartha ó na miotais agus na ságaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• láthair réamh-Chríostaí a bhfuil tábhacht náisiúnta léi a ainmniú<br><br>• cur síos gonta a thabhairt ar na creidimh agus/nó na cleachtais reiligiúnacha a chreidtear a bhaineann leis an láthair sin<br><br>• dhá cheann de mhiotais agus ságaí na hÉireann a lua a thugann léargas ar na creidimh agus/nó na cleachtais reiligiúnacha réamh-Chríostaí. Cur síos gairid a thabhairt ar na léargais sin. |

## Cuid a trí

# AN CHRÍOSTAÍOCHT IN ÉIRINN

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • feasach ar roinnt de na gnéithe a bhaineann leis an reiligiún in Éirinn roimh theacht Phádraig<br>• forbairt an reiligiúin in Éirinn a rianú le cabhair staidéir ar eochairthráth nó dhó san fhorbairt sin. | • a thuiscint go bhfuil bunús seanda leis an reiligiún in Éirinn, gur fhorbair sé thar na mílte bliain agus go bhfuil sé ag forbairt i gcónaí<br>• feasach ar pháirt shainiúil na Críostaíochta agus ar na léirithe sainchreidmheacha di i gcultúr agus i sochaí na hÉireann<br>• an bhrí atá le hionchultúrú, agus an tábhacht atá leis d'eispéireas an reiligiúin in Éirinn, a thuiscint. | • fianaise ar chreideamh reiligiúnach in Éirinn sa ré ársa agus sa lá inniu a shainaithint<br>• a léiriú cé mar a ionchultúraíodh teachtaireacht na Críostaíochta i gcomhthéacs na hÉireann<br>• an t athrú ar phatrúin an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn a aithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint d'oidhreacht reiligiúnach na hÉireann agus don pháirt a bhí ag reiligiún na hÉireann i bhforbairt an reiligiúin san Eoraip agus in áiteanna eile. |

## I. CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

### 3. AN CHRÍOSTAÍOCHT IN ÉIRINN
### 3.1 le déanamh ag na daltaí uile.

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **3.1 Teacht Phádraig** | • an Chríostaíocht san Eoraip in aimsir Phádraig<br>• 'ionchultúrú' na Críostaíochta in Éirinn<br>• forbairt 'Chríostaíocht na hÉireann' agus a cuid saintréithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• cur síos ar phatrún an chreidimh agus an chleachtais Chríostaí san Eoraip in aimsir Phádraig<br>• dhá shampla a thabhairt d'ionchultúrú na Críostaíochta in Éirinn<br>• dhá eochairthráth i bhforbairt 'Críostaíocht na hÉireann' a shainaithint agus an tábhacht atá leo a mhíniú<br>• dhá shaintréith de 'Chríostaíocht na hÉireann' a ainmniú. |
| **3.2 Reiligiún, spioradáltacht agus talamh** | • naofacht na talún<br>• an pósadh cultais idir an Rí agus an talamh<br>• naofacht na talún sa Ghiúdachas<br>• an talamh agus an reiligiún<br>• úinéireacht agus coigistiú na talún ag brath ar chomhaltas reiligiúnach ón 17ú céad anonn<br>• úinéireacht na talún agus an díshealbhú ina gcuid d'ionannas reiligiúnach na nÉireannach. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar thábhacht an phósta cultais idir an Rí agus an talamh<br>• cuntas a thabhairt ar an ngaol idir reiligiún agus talamh sa Ghiúdachas in aimsir Íosa<br>• sampla amháin a thabhairt den ghaol idir comhaltas reiligiúnach agus patrúin choigistithe talún i ndiaidh an 17ú haois<br>• an bhaint a léiriú a bhí ag úinéireacht na talún agus díshealbhú leis an ionannas reiligiúnach in Éirinn agus i measc na nGael thar lear. |

## I. CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

| 3. AN CHRÍOSTAÍOCHT IN ÉIRINN | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **3.3 Reiligiún, spioradáltacht agus an manachas** | • traidisiún na ndíthreabhach<br>• an comhluadar le linn na ré manachúla in Éirinn<br>• an mhainistir ina lárionad léinn, adhartha agus leighis<br>• Éireannaigh a bhunaigh mainistreacha san Eoraip<br>– léargas ginearálta ar an ngluaiseacht i dtreo na hEorpa<br>– bunaitheoir amháin – a shaol agus a shaothar | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• bunús thraidisiún na ndíthreabhach in Éirinn a shainaithint<br>• breac--chuntas a thabhairt ar stíl mhaireachtála duine amháin de lucht leanúna thraidisiún na ndíthreabhach sa luatheaglais in Éirinn<br>• a mhíniú cén fáth a raibh meas chomh mór sin ar thraidisiún na ndíthreabhach<br>• cur síos ar thábhacht chomhluadar mainistreacha na hÉireann sa ré mhanachúil<br>• cuntas a thabhairt ar ról na mainistreacha de réir mar a rinne lárionaid foghlama, adhartha agus leighis díobh, agus mainistir amháin a ainmniú i gcás gach gníomhaíochta ar leith<br>• míniú a thabhairt ar an ngluaiseacht go dtí an Eoraip<br>• ainmneacha triúr bhunaitheoirí mainistreacha san Eoraip a lua, mar aon leis na mainistreacha a bhunaigh siad<br>• beathaisnéis ghearr a thabhairt ar bhunaitheoir mainistreach amháin san Eoraip, agus béim ar leith ar thráthanna suntasacha a shaoil agus a shaothair. |
| **3.4 Reiligiún, spioradáltacht agus leasuithe** | • an leasú mar fhilleadh ar na bunphrionsabail<br>• leasuithe inmheánacha<br>– na Céilí Dé san 8ú haois<br>– an manachas sa 12ú haois<br>• leasuithe seachtracha<br>• na leasuithe Protastúnacha sa 16ú agus sa 17ú haois<br>• gluaiseachtaí leasaithe comhaimseartha sna heaglaisí Críostaí. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• a mhíniú gur spreag, agus go spreagann fós, iarracht filleadh ar an mbun-Chríostaíocht gluaiseachtaí leasaithe sna traidisiúin Chríostaí riamh agus anois<br>• a léiriú gur leasú inmheánach is mó a bhí i leasuithe na gCéilí Dé agus i leasú manachúil an 12ú haois<br>• a léiriú gur leasú seachtrach is mó a bhí i leasuithe Protastúnacha an 16ú agus an 17ú haois<br>• sampla de ghluaiseacht leasaithe chomhaimseartha a thabhairt agus a rá cé acu leasú inmheánach nó leasú seachtrach is ea é. |

## I. CÚRSAÍ REILIGIÚIN: TAITHÍ NA hÉIREANN

### 3. AN CHRÍOSTAÍOCHT IN ÉIRINN

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **3.5 An reiligiún agus smaointe ré na hEagnaíochta** | • tionchar ré na hEagnaíochta ar smaointeoireacht faoin údarás san Eoraip<br>– maidir leis an údarás sibhialta<br>– maidir leis an údarás diaga<br><br>• tionchar ré na hEagnaíochta ar an smaointeoireacht faoin údarás in Éirinn<br>– smaointe na hEagnaíochta i mBéal Feirste<br>– an Cairdinéal Cullen<br><br>• an reiligiún in Éirinn i ndiaidh ré na hEagnaíochta. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• míniú a thabhairt ar an tslí a ndeachaigh smaointe na hEagnaíochta i bhfeidhm ar an smaointeoireacht faoin údarás sibhialta agus diaga<br><br>• plé a dhéanamh faoi thionchar ré na hEagnaíochta san Eoraip ar an smaointeoireacht faoin údarás in Éirinn, go háirithe na smaointe eagnaíochta ó Bhéal Feirste agus saothar an Chairdinéil Cullen<br><br>• cuntas a thabhairt ar phríomhghnéithe an reiligiúin in Éirinn i ndiaidh ré na hEagnaíochta |
| **3.6 Cúrsaí reiligiúin in Éirinn ár linne** | • athruithe maidir le sféar an tionchair: mar a théann an reiligiúin i bhfeidhm ar shaol daoine in Éirinn faoi láthair<br><br>• an reiligiún i mBunreacht na hÉireann<br><br>• an t iolrachas ag teacht chun cinn<br><br>• buntomhas éacúiméineach an reiligiúin in Éirinn. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• na hathruithe atá tagtha ar sféar tionchair na nEaglaisí Críostaí in Éirinn a shainaithint, agus dhá shampla a thabhairt<br><br>• an chaoi a dtéann an reiligiún i bhfeidhm ar shaol daoine in Éirinn i gcónaí a shainaithint, agus dhá shampla a thabhairt<br><br>• cur síos gairid a thabhairt ar ionad an reiligiúin i mBunreacht na hÉireann<br><br>• sainmhíniú a thabhairt ar an téarma 'iolrachas'<br><br>• an chaoi is féidir leis an iolrachas dul i bhfeidhm ar ghnéithe sóisialta, cultúrtha, polaitiúla agus spioradálta an tsaoil a mhíniú<br><br>• an téarma 'éacúiméineachas' a mhíniú agus cuntas gairid a thabhairt ar na haidhmeanna atá leis<br><br>• samplaí den chaoi a ndeachaigh na heaglaisí Críostaí in Éirinn i ngleic leis an éacúiméineachas a thabhairt. |

# ROINN J

## AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

### Aidhmeanna

1. **Feasacht a fhorbairt ar nádúr agus modhanna athraitheacha na bhfiontar eolaíochta agus diagachta.**

2. **Iniúchadh a dhéanamh ar roinnt eochairthráth sa ghaol idir an reiligiún agus an eolaíocht.**

3. **Iniúchadh a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna agus díospóireachtaí a bhaineann leis an ngaol chomhaimseartha idir an reiligiún agus an eolaíocht.**

4. **Impleachtaí eiticiúla dul chun cinn na heolaíochta a scrúdú.**

## Cuid a haon

# NA FIONTAIR EOLAÍOCHTA AGUS DIAGACHTA

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • an cheist choiteann agus ar leith, faoi na fiontair diagachta agus eolaíochta a thuiscint<br>• feasach ar thábhacht chomhthéacs an phobail don eolaíocht agus don teicneolaíocht. | • na ceangail idir na fiontair eolaíochta agus diagachta a thuiscint, go háirithe san eolaíocht agus sa diagacht chomhaimseartha. | • idirdhealú idir na fiontair eolaíochta agus diagachta. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint d'fhiúntas an cheistithe daonna ó thaobh na heolaíochta agus na diagachta de. |

## J. AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

| 1. NA FIONTAIR EOLAÍOCHTA AGUS DIAGACHTA | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **1.1 An ceistiú ina chomhthéacs** | • gá ag daoine ceisteanna a chur<br>• ceisteanna nádúir, gaolmhaireachta, brí, cuspóra agus bunúis<br>• ceisteanna don eolaíocht agus don reiligiún i gcoitinne<br>• 'Dia na mbearnaí'<br>• dhá íomhá eile de Dhia agus a gcuid impleachtaí don eolaíocht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar an bhfonn daonna ceisteanna a chur agus fiafraí cén fáth<br>• 'liosta' de na ceisteanna bunaidh a chur le chéile agus a chur i láthair<br>• samplaí a thabhairt de na ceisteanna coiteanna ag an reiligiún agus ag an eolaíocht<br>• tuiscint a léiriú ar 'Dhia na mbearnaí' agus ar chritíc na heolaíochta de<br>• dhá íomhá ailtéarnacha de Dhia agus a n úsáid sa díospóireacht idir an eolaíocht agus an reiligiún a chur i láthair. |
| **1.2 An Pobal** | • tábhacht an phobail d'fhiontair na diagachta agus na heolaíochta<br>• imscrúdú oibiachtúil nó suibiachtúil<br>• an modh eolaíoch agus teoiricí léirmhínithe<br>• an diagacht agus teoiricí léirmhínithe. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• sainmhíniú a thabhairt ar phobal agus cuntas gairid a thabhairt ar an tábhacht atá leis i gcúrsaí diagachta agus eolaíochta<br>• sainmhíniú a thabhairt ar imscrúdú 'oibiachtúil' agus 'suibiachtúil', agus buanna an dá cheann a phlé<br>• cur síos ar ghnéithe an mhodha eolaígh agus an léirmhínithe eolaígh<br>• cuntas gairid a thabhairt ar na modhanna léirmhínithe atá ar fáil don diagacht. |

**Cuid a dó**

# AN GAOL IDIR AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • eolach ar eochairthráthanna sa ghaol idir an eolaíocht agus an diagacht ó ré an Renaissance go dtí an lá inniu<br>• pointí coinbhleachta agus cumarsáide féideartha don eolaíocht agus don diagacht amach anseo a shainaithint. | • feasach ar an easpa tuisceana ar na naisc seo san am a caitheadh, agus teannas idir an eolaíocht agus an diagacht dá bharr<br>• feasach ar theorainneacha agus féidearthachtaí an dialóig idir an reiligiún agus an eolaíocht | • plé go grinn le díospóireachtaí reatha idir an reiligiún agus an eolaíocht<br>• impleachtaí eiticiúla dul chun cinn na heolaíochta a shainaithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint do theorainneacha an bhunúsachais eolaíochta agus diagachta<br>• oscailteacht maidir le léargais na heolaíochta agus na diagachta i ndíospóireachtaí reatha. |

## J. AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

### 2. AN GAOL IDIR AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **2.1 An eolaíocht agus an reiligiún ar dhá chonair ar leith** | • Galileo agus a chomhthéacs<br>– modhanna agus teoiricí Ghalileo<br>– an fhreagairt ón lucht saolta agus ó lucht reiligiúin<br><br>• tús na heolaíochta nua-aimseartha<br><br>• freagairt na reiligiún. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• portráid a sholáthar den saol as a dtáinig smaointe Ghalileo<br><br>• cur síos ar mhodhanna oibre Ghalileo<br><br>• achoimre a sholáthar ar phríomhthorthaí agus ar phríomhsmaointe Ghalileo<br><br>• foinsí éagsúla na heolaíochta nua-aimseartha a mhíniú<br><br>• freagairtí éagsúla na reiligiún ar fhorbairt na heolaíochta a léiriú. |
| **2.2 Eolaíocht versus reiligiún** | • Descartes agus a thionchar<br>– Dia ag imeacht as<br>– tábhacht an cogito<br><br>• Newton agus an tábla matamaiticiúil<br><br>• eolaíocht agus reiligiún san Eagnaíocht. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar theoiric Descartes, agus a tábhacht don eolaíocht agus don reiligiún a mhíniú<br><br>• míniú a thabhairt ar thábhacht fionnachtana Newton sa mhatamaitic don ghaol idir an eolaíocht agus an reiligiún<br><br>• cur síos ar mhórfhorbairt amháin san eolaíocht agus ar mhórfhorbairt amháin sa reiligiún aimsir na hEagnaíochta |
| **2.3 Teannas idir an eolaíocht agus an reiligiún** | • Charles Darwin agus a chomhthéacs<br><br>• Darwin agus an éabhlóid<br>– fiosruithe Darwin<br>– forbairt teoirice éabhlóide<br><br>• freagairt na reiligiún, ag tagairt go háirithe do cheann amháin díobh seo a leanas: an Búdachas, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• na nithe a chuaigh i bhfeidhm ar smaointeoireacht Darwin a mhíniú<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar theoiric Darwin faoin éabhlóid, agus béim ar leith ar na mór-réimsí coinbhleachta leis an reiligiún<br><br>• cuntas a thabhairt ar fhreagairt mhór-reiligiúin domhanda amháin ar theoiric Darwin, tráth a forbartha. |

## J. AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

| 2. AN GAOL IDIR AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT | | |
|---|---|---|
| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
| **2.4 An eolaíocht agus an reiligiún i ndialóg** | • an tuiscint ar an gcruthú sa traidisiún Búdaíoch, Críostaí, Giúdach, Hiondúch nó Ioslamach<br><br>• tuiscint chodarsnach ar an gcruthú ó thraidisiún reiligiúnach eile<br><br>• géarchéim na héiceolaíochta<br>– príomhghnéithe na géarchéime reatha<br>– bunchúiseanna na géarchéime<br>– dearcadh i leith na géarchéime ó thaobh na diagachta agus na heolaíochta de | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar an tuiscint ar an gcruthú i gceann amháin díobh seo<br>– an Búdachas<br>– an Chríostaíocht<br>– an Hiondúchas<br>– Ioslam<br>– an Giúdachas<br><br>• codarsnacht a dhéanamh idir dhá thuiscint ar an gcruthú ó dhá thraidisiún reiligiúnacha ar leith<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar an ngéarchéim reatha san éiceolaíocht<br><br>• peirspictíocht diagaire ar an ngéarchéim a chur i láthair<br><br>• peirspictíocht eolaí ar an ngéarchéim a chur i láthair. |

**Cuid a trí**

**(Cuid a trí nó cuid a ceathair le déanamh ag na daltaí)**

# SAINCHEISTEANNA REATHA DON REILIGIÚN AGUS DON EOLAÍOCHT: AN BUNÚS

## Cuspóirí

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • pointí coinbhleachta agus cumarsáide féideartha amach anseo don eolaíocht agus don diagacht a shainaithint. | • na naisc idir na fiontair eolaíochta agus diagachta, go háirithe san eolaíocht agus sa diagacht chomhaimseartha a thuiscint<br>• feasach ar theorainneacha agus ar fhéidearthachtaí an dialóig idir an reiligiún agus an eolaíocht<br>• impleachtaí eiticiúla an dul chun cinn san eolaíocht a thuiscint<br>• peirspictíochtaí diagachta ar fhorbairtí reatha san fhisic nó sa bhitheolaíocht a thuiscint. | • idirdhealú idir na fiontair eolaíochta agus diagachta.<br>• plé go grinn le díospóireachtaí reatha idir an reiligiún agus an eolaíocht<br>• impleachtaí eiticiúla dul chun cinn na heolaíochta a shainaithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• tuiscint do theorainneacha an bhunúsachais eolaíochta agus diagachta<br>• oscailteacht maidir le léargais na heolaíochta agus na diagachta i ndíospóireachtaí reatha<br>• luacháil chriticiúil ar an dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht. |

## J. AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

### 3. SAINCHEISTEANNA REATHA DON REILIGIÚN AGUS DON EOLAÍOCHT: AN BUNÚS

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **3.1 An díospóireacht faoin mbunús** | • nach cuma faoin mbunús?<br>• léargas ginearálta ar an díospóireacht reatha faoin mbunús<br>• cosmeolaíochtaí idir ársa agus comhaimseartha<br>– dhá chosmeolaíocht chodarsnacha ársa<br>– dhá chosmeolaíocht chodarsnacha chomhaimseartha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• an tábhacht a bhaineann le machnamh agus staidéar a dhéanamh ar an mbunús a mhíniú<br>• achoimre a thabhairt ar phríomhghnéithe na díospóireachta reatha faoin mbunús<br>• an téarma 'cosmeolaíocht' a mhíniú<br>• dhá chosmeolaíocht chomhaimseartha agus dhá chosmeolaíocht ársa a chur i láthair agus na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí a shainaithint. |
| **3.2 An fhisic nua agus an reiligiún – ceisteanna ag borradh** | • prionsabal éiginnteachta Heisenberg agus forbairt teoirice an chandaim<br>• an eolaíocht agus réimse an tseans, dóchúlacht agus anord<br>• peirspictíochtaí na diagachta ar na forbairtí sin. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br>• míniú a thabhairt ar phrionsabal éiginnteachta Heisenberg agus ar a thábhacht don eolaíocht sa lá inniu<br>• breac-chuntas a thabhairt ar dhá eochairsmaoineamh a ghabhann leis an 'bhfisic nua' agus an tábhacht atá leo don mhachnamh diaga. |

**Cuid a ceathair**

**(Cuid a trí nó cuid a ceathair le déanamh ag na daltaí)**

# SAINCHEISTEANNA REATHA DON REILIGIÚN AGUS DON EOLAÍOCHT: AN BHEATHA AGUS AN BÁS

**Cuspóirí**

Ba cheart do dhaltaí a bheith/ábalta

| *Eolas* | *Tuiscint* | *Scileanna* | *Meonta* |
|---|---|---|---|
| • pointí coinbhleachta agus cumarsáide féideartha amach anseo don eolaíocht agus don diagacht a shainaithint. | • na ceangail idir na fiontair eolaíochta agus diagachta, go háirithe san eolaíocht agus sa diagacht chomhaimseartha, a thuiscint<br>• feasach ar theorainneacha agus ar fhéidearthachtaí an dialóig idir an reiligiún agus an eolaíocht<br>• impleachtaí eiticiúla an dul chun cinn san eolaíocht a thuiscint<br>• peirspictíochtaí na diagachta faoi fhorbairtí reatha sa ghéineolaíocht a thuiscint. | • idirdhealú idir na fiontair eolaíochta agus diaga.<br>• plé go grinn le díospóireachtaí reatha idir an reiligiún agus an eolaíocht<br>• impleachtaí eiticiúla dul chun cinn na heolaíochta a shainaithint. | *Ba cheart go gcuideodh an roinn seo le forbairt na meonta seo a leanas:*<br>• feasacht ar bhunúsachas eolaíochta agus diagachta<br>• oscailteacht do léargais na heolaíochta agus na diagachta i ndíospóireachtaí reatha<br>• luacháil chriticiúil ar an dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht. |

## J. AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

### 4. SAINCHEISTEANNA REATHA DON REILIGIÚN AGUS DON EOLAÍOCHT: AN BHEATHA AGUS AN BÁS

| Topaic | Cur síos ar an ábhar | Torthaí |
|---|---|---|
| **4.1 Ceisteanna faoin mbeatha** | • cur síos eolaíoch ar thús na beatha agus ar nóiméad an bháis<br><br>• cur síos reiligiúnach ar thús na beatha agus ar nóiméad an bháis. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• cuntais eolaíocha agus reiligiúnacha ar thús agus ar dheireadh na beatha a chur i láthair, agus réimsí a léiriú ina mbeadh an t ábhar imní céanna ag lucht na heolaíochta agus ag lucht reiligiúin |
| **4.2 An díospóireacht faoin ngéineolaíocht** | • peirspictíochtaí reiligiúnacha agus eolaíocha maidir le dhá cheann díobh seo a leanas:<br>– clónú<br>– an bheatha ghéin-mhodhnaithe<br>– an bheatha a cruthaíodh go saorga<br>– fadú na beatha<br>– deireadh a chur leis an mbeatha. | De thoradh a gcuid staidéir ar an roinn seo ba cheart go mbeadh daltaí in ann<br><br>• breac-chuntas a thabhairt ar na saincheisteanna eiticiúla a thagann chun cinn san eolaíocht agus sa reiligiún i gcás dhá cheann díobh seo a leanas<br>– clónú<br>– an bheatha ghéin-mhodhnaithe<br>– an bheatha a cruthaíodh go saorga<br>– fadú na beatha<br>– deireadh a chur leis an mbeatha. |

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# Nósanna imeachta le Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Is iad seo a leanas na baill atá ag Coistí Cúrsaí na CNCM don Ardteistiméireacht (Bhunaithe):

- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- Aontas Múinteoirí Éireann
- Comhchoiste na mBainisteoirí
- Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
- Cumann an Ábhair
- Cumann Gairmoideachais in Éirinn
- Comhghairm Cheannairí Ollscoileanna Éireann
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
- Cumann Ollscoileanna Éireann

Ullmhaíonn Coistí Cúrsaí na CNCM na siollabais ar bhonn na treorach a chuireann an Chomhairle ar fáil. Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsaí faoi bhráid Chomhairle na CNCM le ceadú. Cuireann an CNCM, tar éis di na moltaí sin a bhreithniú, comhairle dá réir ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó:
CNCM, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 6617177
Facs: (01) 6617180
Ríomhphost: info@ncca.ie
Láithreán gréasáin: www.ncca.ie

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**
Le ceannach go díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
Nó bealach ordú poist ó:
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Trádála,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-647 6843
Nó ó dhíoltóirí leabhar.
**Praghas: €1.90**

Arna dhearadh ag Boyd Freeman Design
© 2008 Rialtas na hÉireann